**CINNEADH (CBES) 2023/1218 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 23 Meitheamh 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Sna conclúidí uaithi an 23 Márta 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go géar cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí coinneáil leis an mbrú comhchoiteann ar an Rúis agus an brú sin a mhéadú, lena n-áirítear, b'fhéidir, trí bhearta sriantacha breise a thabhairt isteach. Leag an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí agus a phráinní atá sé dlús a chur leis na hiarrachtaí lena áirithiú go gcuirfear smachtbhannaí chun feidhme ar bhealach éifeachtach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta agus chuir sí i bhfios go láidir go bhfuil sí lántiomanta aon teacht timpeall a dhéanfadh tríú tíortha nó a dhéanfaí i dtríú tíortha a ghleic agus a chur ó rath ar bhealach éifeachtach. D'iarr sí ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún na hionstraimí forfheidhmithe riachtanacha uile a neartú agus cur chuige lán-chomhordaithe a fhorbairt chuige sin i gcomhar leis na Ballstáit.

(4) Measann an Chomhairle go bhféadfaí an bonn a bhaint de chuspóir agus d'éifeachtacht na mbeart sin trí dhul timpeall ar na bearta sriantacha a ghlac an tAontas mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, nó bac suntasach a chur, ar bhealach eile, ar bhearta den sórt sin ag tríú tíortha nach bhfuil faoi cheangal ag na bearta sin, ar bhealach a chuirfeadh le cumas na Rúise cogadh a íoc. Ar na rudaí a thabharfadh le fios gur cásanna ina gcuirfí bac ar bhearta sriantacha an Aontais iad, d'fhéadfaí an méid a leanas, *inter alia*, a áireamh: oibreoir tríú tír arbh é a phríomhghníomhacht earraí srianta a cheannach san Aontas a rachadh go dtí an Rúis, daoine nó eintitis Rúiseacha a bheith rannpháirteach ag céim ar bith, cuideachta a cruthaíodh le déanaí chun críoch a bhaineann le hearraí srianta a rachadh go dtí an Rúis, nó méadú ollmhór ar láimhdeachas oibreora tríú tír ag a bhfuil baint leis na gníomhaíochtaí sin.

(5) Tá measúnú déanta ag an gComhairle freisin gur príomhbhealach é an chogaíocht faisnéise trína gcuireann Cónaidhm na Rúise a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine chun feidhme agus trína ndéanann sí sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Tá ceadúnas ó Sheirbhís Slándála Cónaidhme Chónaidhm na Rúise (SSC) ag na cuideachtaí san earnáil TF a sholáthraíonn teicneolaíocht chriticiúil agus bogearraí do phobal faisnéise na Rúise, a chuireann ar a gcumas oibriú le faisnéis ar leibhéal slándála na Rúise 'rún stáit'. Ina theannta sin, is minic a bhíonn ceadúnas 'airm agus trealamh míleata' ag cuideachtaí den sórt sin, ceadúnas arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur cheart na critéir le haghaidh ainmniúcháin a leathnú chun daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a oibríonn in earnáil TF na Rúise a chumhdach a bhfuil ceadúnas acu arna riaradh ag an Ionad SSC um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit nó ceadúnas 'airm agus trealaimh mhíleata' arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise.

(6) Thairis sin, i bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 71 duine agus 33 eintiteas atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

(7) Is iomchuí an maolú ón reo sócmhainní agus ón toirmeasc ar chur ar fáil cistí agus acmhainní eacnamaíocha a leathnú chuig dhá institiúid nualiostaithe, ar reo agus toirmeasc ba infheidhme maidir le hinstitiúidí airgeadais a bhí sa liosta roimhe seo, de bhun Chinneadh 2014/145/CBES. Is iomchuí freisin maolú breise a thabhairt isteach ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chur ar fáil cistí agus acmhainní eacnamaíocha d'eintitis liostaithe áirithe chun gur féidir dífheistiú ó chuideachtaí Rúiseacha agus cineálacha áirithe urrús a shealbhaítear le heintiteas liostaithe a dhiúscairt. Is iomchuí freisin maolú a thabhairt isteach lena gceadaítear balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, balla dóiteáin lena mbainfear an rialú atá á fheidhmiú ag duine liostaithe ar shócmhainní eintitis neamhliostaithe de chuid an Aontais ar leis an duine liostaithe iad nó atá á rialú ag an duine liostaithe, agus lena n-áiritheofar nach bhfabhróidh aon tairbhe don duine sin, rud a fhágfadh go mbeadh an t-eintiteas siúd in ann leanúint dá oibríochtaí gnó. D'fhonn an tsábháilteacht mhuirí a choimirciú, is iomchuí díolúine a thabhairt isteach ón reo sócmhainní agus ón toirmeasc ar chur ar fáil cistí agus acmhainní eacnamaíocha, ionas gur féidir seirbhísí píolótacha a sholáthar in imthosca sonracha.

(8) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) daoine nádúrtha:

(i) a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo, nó ar Chinntí 2014/386/CBES ([1])*, 2014/512/CBES ([2])*, nó (CBES) 2022/266 ([3])*, nó ar Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014 ([4])*, (AE) Uimh. 692/2014 ([5])*, (AE) Uimh. 833/2014 ([6])* nó (AE) 2022/263 ([7])* ón gComhairle; nó

(ii) a chuireann bac suntasach ar na forálacha sin ar bhealach eile,

([1])* Cinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 70).

([2])* Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

([3])* Cinneadh (CBES) 2022/266 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aithint, áitiú nó ionghabháil neamhdhleathach arna ndéanamh ag Cónaidhm na Rúise ar limistéir áirithe neamhrialaithe rialtais san Úcráin (IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 109).

([4])* Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 6).

([5])* Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol (IO L 183, 24.6.2014, lch. 9).

([6])* Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1).

([7])* Rialachán (AE) 2022/263 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar aitheantas a thabhairt do na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais i réigiúin Donetsk agus Luhansk na hÚcráine agus ar an ordú fórsaí armtha na Rúise a chur chun na limistéir sin (IO L 42 I, 23.2.2022, lch. 77).';

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta 'agus daoine nádúrtha a bhfuil baint acu leo, mar a liostaítear san Iarscríbhinn':

'agus daoine nádúrtha a bhfuil baint acu leo nó leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear faoi Airteagal 2(1)(i), mar a liostaítear san Iarscríbhinn.';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

'(h) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí

(i) a éascaíonn sáruithe ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar fhorálacha an Chinnidh seo, nó ar Chinntí 2014/386/CBES, 2014/512/CBES nó (CBES) 2022/266 ón gComhairle, nó ar Rialacháin (AE) Uimh. 269/2014, (AE) Uimh. 692/2014, (AE) Uimh. 833/2014 nó (AE) 2022/263 ón gComhairle; nó

(ii) a chuireann bac suntasach ar na forálacha sin ar bhealach eile; nó';

(b) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(i) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a oibríonn in earnáil TF na Rúise a chumhdach a bhfuil ceadúnas acu arna riar ag Seirbhís Slándála Cónaidhm na Rúise (SSC), an Ionad um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit nó ceadúnas 'airm agus trealamh míleata' á riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise,';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 17:

'17. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh ar leis an eintiteas a liostaítear faoi uimhreacha iontrála 53, 54, 55, 79, 80, 81, 82, 108, 126, 127, 198, 199, 200, 214 agus 215 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil do na heintitis sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun táirgí talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22:

'22. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go ndéanfar cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite áirithe ar leis an eintiteas a liostaítear faoi na huimhreacha iontrála 82 agus 101 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn a scaoileadh, nó cistí nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don eintiteas sin, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun go mbeidh eintiteas atá bunaithe san Aontas in ann urrúis a dhiúscairt nó a aistriú, ar eintiteas é atá á rialú faoi láthair nó a bhí roimhe sin ag an eintiteas atá liostaithe faoi uimhir iontrála 82 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn;

(b) go mbeidh an diúscairt nó an t-aistriú sin curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2023; agus

(c) go ndéanfar diúscairt nó aistriú den sórt sin ar bhonn oibríochtaí, conarthaí nó comhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích leis an eintiteas, nó a bhaineann leis ar shlí eile, a liostaítear faoi na huimhreacha iontrála 82 agus 101 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn, roimh an 3 Meitheamh 2022.';

(e) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'24. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a scaoileadh ar leis an duine nádúrtha a liostaítear faoin uimhir iontrála 695 faoin gceannteideal "Daoine" san Iarscríbhinn iad, nó cistí áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe a chur ar fáil don duine nádúrtha sin nó d'eintiteas ar leis an duine nádúrtha sin é, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil cistí nó acmhainní eacnamaíocha den sórt sin riachtanach chun idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a thabhairt i gcrích, ar idirbhearta iad a bhfuil géarghá leo don fhoirceannadh, faoin 31 Lúnasa 2023, i ndáil le comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil arna bhunú sa Rúis leis an duine nádúrtha sin nó le heintiteas ar leis an duine nádúrtha sin é roimh an 28 Feabhra 2022.

25. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit a údarú do náisiúnaigh nó do chónaitheoirí Ballstáit, nó d'eintiteas atá bunaithe san Aontas, admháil taisclainne a chomhshó faoin 24 Nollaig 2023 le hurrús foluiteach Rúiseach arna shealbhú leis an eintiteas a liostaítear faoi uimhir iontrála 101 faoin gceannteideal 'Eintitis' san Iarscríbhinn chun críche an t-urrús foluiteach a dhíol, agus cistí a chur ar fáil atá nasctha le comhshó an admháil taisclainne agus le díol an urrúis fholuitigh go díreach nó go hindíreach leis an eintiteas sin sa Rúis, faoi cibé coinníollacha a mheasann na húdaráis inniúla a bheith iomchuí agus tar éis an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) eisíodh an admháil taisclainne roimh an 3 Meitheamh 2022;

(b) cuirtear an iarraidh ábhartha ar údarú isteach faoin 24 Meán Fómhair 2023;

(c) tá sealbhóir na hadmhála taisclainne in ann a léiriú go bhfuil gá leis an gcomhshó sin chun an t-urrús foluiteach a dhíol;

(d) tá díol an urrúis fholuitigh i gcomhréir leis an toirmeasc faoi Chinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle, lena n-áirítear Airteagail 1 agus 1d de;

(e) ní chuirfear aon chistí ar fáil d'aon eintiteas eile a liostaítear san Iarscríbhinn.

26. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit údarú go scaoilfear cistí reoite áirithe nó acmhainní eacnamaíocha áirithe ar le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear san Iarscríbhinn iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, nó seirbhísí a sholáthar don duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun balla dóiteáin a chur ar bun, a dheimhniú nó a mheas, ar balla dóiteáin é:

(a) lena gcuirtear deireadh le rialú an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta a liostaítear san Iarscríbhinn ar shócmhainní duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta neamhliostaithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine, an eintitis nó an chomhlachta sin, agus

(b) lena n-áirithítear nach bhfabhróidh tairbhe aon chistí ná acmhainní eacnamaíocha breise don duine nádúrtha nó dlítheanach, don eintiteas nó don chomhlacht atá liostaithe.

27. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a bhfuil gá leo chun seirbhísí píolótacha a sholáthar do shoithí atá faoi ghluaiseacht neamhurchóideach mar a shainítear sa dlí idirnáisiúnta é ar seirbhísí iad atá riachtanach ar chúiseanna sábháilteachta muirí.';

(3) leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2023. ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. ROSWALL

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘1502. | Vyacheslav Alekseevich BOCHAROV<br>(Вячеслав Алексеевич БОЧАРОВ) | Dáta breithe: 17.10.1955<br>Áit bhreithe: Donskoy, Tula Oblast, PCSS na Rúise, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an oibríocht mhíleata speisialta; An Chéad Leas-Uachtarán ar Sheomra Poiblí Chónaidhm na Rúise | Tá Vyacheslav Bocharov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar Chéad Leas-Uachtarán ar Sheomra Poiblí Chónaidhm na Rúise agus chuir sé in iúl go gníomhach go dtacaíonn sé le hionradh na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Vyacheslav Bocharov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1503. | Oleg Vladimirovich GORSHENIN<br>(Олег Владимирович ГОРШЕНИН) | Dáta breithe: 8.7.1978<br>Áit bhreithe: Schwerin, an Ghearmáin<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an ‘oibríocht mhíleata speisialta’ arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Ceann Ionadh Rialaithe Cosanta Náisiúnta Chónaidhm na Rúise, Maor-Ghinearál. | Tá Oleg Gorshenin ina chomhalta agus ina rúnaí ar an meitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar cheannaire ar Ionad Rialaithe Cosanta Náisiúnta Chónaidhm na Rúise i gcéim Maorghinearál a bhfuil sé de chúram air gníomhaíochtaí fhórsaí míleata na Rúise a chomhordú, lena n-áirítear iad siúd a imscaradh i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Oleg Gorshenin freagrach, dá bhrí sin, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1504. | Valeriy Alexandrovich VOSTROTIN<br>(Валерий Александрович ВОСТРОТИН) | Dáta breithe: 20.11.1952<br>Áit bhreithe: Kasli, Kaslinsky District, Chelyabinsk Oblast, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Comhalta agus Rúnaí sa mheitheal um an 'oibríocht mhíleata speisialta', Cathaoirleach Aontas Pharatrúpaí na Rúise, Maor-Ghinearál ar scor, comhalta ar scor den Dúma Stáit<br>Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: 773001557964 | Tá Valeriy Vostrotin ina chomhalta agus ina rúnaí ar an meitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, tá sé ina cheannaire ar Aontas Pharatrúpaí na Rúise agus is comhbhunaitheoir é de Ghluaiseacht Shóisialta hThírghrách Míleata, 'Arm Óg' Uile-Rúise (Yunarmiya). Dá bhrí sin, tá Valeriy Vostrotin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Daoine aonair comhlachaithe: Bekkhan Abdulkhamidovich Barakhoyev (Бекхáн Абдулхами́дович Барахóев), cúntóir le linn thréimhse Vostrotin mar Fheisire sa Dúma Stáit 2004-2011 (liostaithe ag an Aontas ón 23.2.2022)<br>Eintitis chomhlachaithe: Comhbhunaitheoir Ghluaiseacht Shóisialta Thírghrách Mhíleata 'Arm Óg' Uile-Rúiseach (Yunarmiya), atá liostaithe ag an Aontas ón 21.7.2022 | | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1505. | Alexander Nikolaevich ZAKHARENKO<br>(Александр Николаевич ЗАХАРЕНКО) | Dáta breithe: 3.3.1979<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Rúnaí na meithle um an 'oibríochta mhíleata speisialta' arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Stiúrthóir na Roinne d'Idirghníomhaíocht le hÚdaráis Stáit agus don Obair leis na Réigiúin de chuid Chorparáid an Stáit, Roscosmos; Leas-Chathaoirleach de Chomhairle Phoiblí 'Roscosmos' | Tá Alexander Zakharenko ina chomhalta agus ina rúnaí ar an meitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, tá sé ina Stiúrthóir ar an Roinn d'Idirghníomhaíocht le hÚdaráis Stáit agus don Obair leis na Réigiúin de chuid Chorparáid an Stáit, Roscosmos ó 2015 i leith, rud a léiríonn an taithí atá aige ar chaidreamh idir-rannach a chomhordú, caidreamh atá riachtanach chun cúraimí na meithle a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá Alexander Zakharenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1506. | Alexander Petrovich KOLMAKOV<br>(Александр Петрович КОЛМАКОВ) | Dáta breithe: 31. 7.1955<br>Áit bhreithe: Korolyov, Oblast Mhoscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an 'oibríocht mhíleata speisialta' arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Cathaoirleach ar an eagraíocht stáit-phoiblí uile-Rúise 'Cumann Deonach um Chúnamh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlach na Rúise'; Coirnéal Ginearál ar scor | Tá Alexander Kolmakov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar chathaoirleach ar an eagraíocht stáit-phoiblí uile-Rúise 'Cumann Deonach um Chúnamh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlach na Rúise', a fheidhmíonn mar nasc idir míleata na Rúise agus an tsochaí trí éascaíocht a dhéanamh d'earcaíocht daoine óga sna fórsaí cúltaca míleata.<br>Dá bhrí sin, tá Alexander Kolmakov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1507. | Andrey Andreevich MEDVEDEV<br>(Андрей Андреевич МЕДВЕДЕВ) | Dáta breithe: 14.12.1975<br>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an 'oibríocht mhíleata speisialta' arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Leas-Chathaoirleach Dhúma Moscó, iriseoir, leas-ardstiúrthóir VGTRK<br>Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: 771373760000 | Tá Andrey Medvedev ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, feidhmíonn sé mar leas-chathaoirleach ar Dhúma Chathair Moscó agus is minic a bhíonn sé ag tacú go hoscailte le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina fheidhm mar iriseoir le VGTRK. Dá bhrí sin, tá Andrey Medvedev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1508. | Evgeniy Evgenievich PODDUBNYY<br>(Евгений Евгеньевич ПОДДУБНЫЙ) | Dáta breithe: 22. 8.1983<br>Áit bhreithe: Belgorod, iar-RSFSR, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Comhalta den mheitheal um an 'oibríocht mhíleata speisialta' arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Iriseoir, Comhfhreagraí Cogaidh do VGTRK<br>Pasuimhir: 14 02 828183 | Tá Evgeniy Poddubnyy ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, oibríonn sé mar chomhfhreagraí cogaidh don chraoltóir stáit Rúiseach VGTRK, ag scaipeadh bréagaisnéise agus bolscaireachta atá ar son na Creimile faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Evgeniy Poddubnyy freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1509. | Igor Yurievich CHAIKA<br>ar a dtugtar freisin Igor Yurievich CHAYKA<br>(Игорь Юрьевич ЧАЙКА) | Dáta breithe: 13.12.1988<br>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Fear gnó Rúiseach<br>Daoine aonair comhlachaithe: Yury Chaika (athair), Artem Chaika (deartháir)<br>Faisnéis eile aitheantais: Dámhachtainí: Deimhniú Fiúntais Uachtarán Chónaidhm na Rúise | Is é Igor Chaika mac is óige Yuri Chaika, iar-Ard-Ionchúisitheoir agus Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán Chónaidhm na Rúise i gCeantar Cónaidhme an Chácais Thuaidh.<br>Tá ollimpireacht ghnó carnaithe ag Igor Chaika de dhroim conarthaí stáit agus a bhuíochas sin do phost a athar. Déanann sé gníomhaíochtaí gnó freisin sa Chrimé atá faoi fhorghabháil.<br>Ó 2022 i leith, is é Igor Chaika Cathaoirleach na Comhairle Poiblí faoi Rossotrudnichestvo, comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme Rúiseach atá freagrach as seirbhísí stáit a chur ar fáil agus maoin stáit a bhainistiú chun tacú leis an gcaidreamh idirnáisiúnta idir Cónaidhm na Rúise agus Ballstáit Chomhlathas na Stát Neamhspleách agus tíortha eachtracha eile, agus chun an caidreamh sin a fhorbairt.<br>Dá bhrí sin, tá Igor Chaika ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint aige le Yury Chaika agus Rossotrudnichestvo. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1510. | Artem Yurievich CHAIKA<br>ar a dtugtar freisin Artyom CHAIKA<br>ar a dtugtar freisin Artem CHAYKA<br>(Артем Юрьевич ЧАЙКА<br>ar a dtugtar freisin Артём Юрьевич ЧАЙКА) | Dáta breithe: 25.9.1977<br>Áit bhreithe: Iar- USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach, Eilvéiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Dlíodóir agus fear gnó Rúiseach<br>Daoine aonair comhlachaithe: Yury Chaika (athair), iar-Ionchúisitheoir Ginearálta Chónaidhm na Rúise (arna ainmniú 21.7.2022), Igor Chaika (deartháir) | Is é Artem Chaika an mac is sine le Yury Chaika, iar-Ard-Ionchúisitheoir agus Ionadaí Lánchumhachtach Uachtarán Chónaidhm na Rúise i gCeantar Cónaidhme an Chácais Thuaidh. Tá a chuid gnólachtaí tógtha aige go príomha ar chonartha stáit le linn an ama nuair a bhí a athair ina Phríomh-Ionchúisitheoir. Tá tairiscintí soláthair phoiblí buaite ag cuideachtaí Artem Chaika arís agus arís eile mar gheall gur bhain na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí iomaitheoirí den phróiseas. Is é Artem Chaika úinéir na cuideachta PNK-Ural, an soláthraí is mó de chloch brúite do Iarnróid na Rúise.<br>Cheap Ramzan Kadyrov, ceann Phoblacht na Seisnia agus dlúthcomhghuaillí an Uachtaráin Putin, Artem Chaika ina chomhairleoir do chúrsaí daonnúla, sóisialta agus eacnamaíocha i mí Dheireadh Fómhair 2022.<br>Dá bhrí sin, tá Artem Chaika ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sé ag baint tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá baint aige le Ramzan Kadyrov. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1511. | Aleksandr Ivanovich UDALTSOV<br>(Александр Иванович УДАЛЬЦОВ) | Dáta breithe: 5.7.1951<br>Áit bhreithe: iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Fondúireachta um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthíreach Thar Lear (Pravfond)<br>Eintitis chomhlachaithe: An Fhondúireacht um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthíreach Thar Lear | Is é Alexandr Udaltsov Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Fondúireachta um Thacaíocht agus um Chosaint Chearta na gComhthíreach Thar Lear.<br>I mí Eanáir 2022, ag cruinniú Bhord Iontaobhaithe na Fondúireachta, thug Udaltsov faoi deara go bhfuil an Fhondúireachta tagtha chun a bheith ina chineál de struchtúr uathúil de 'chumhacht bhog' na Rúise, a bhfuil tionchar suntasach aige ar chomhthírigh agus ar a n-eagraíochtaí ar fud an domhain. I mí Feabhra 2022, ag oscailt an taispeántais 'Coireanna Cogaidh agus Sáruithe ar Chearta an Duine san Úcráin (2017-2020)', chuir sé i bhfios go láidir go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach an fhírinne a insint don domhan ar fad faoi bhunús coiriúil agus faoi chleachtas míshuaimhneach réimeas Kyiv, go bunúsach tús fhogha oifigiúil Chív ar Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk. An 28 Feabhra 2022 ag an bhfischomhdháil a d'óstáil Cumann Idirnáisiúnta na nDlíodóirí Rúisise (MARA), chuir Udaltsov in iúl go dtacaíonn sé le seasamh an Uachtaráin Putin agus gur cuireadh iallach ar an Rúis an cinneadh a dhéanamh aitheantas a thabhairt do Dhaon-Phoblacht Donetsk agus do Dhaon-Phoblacht Luhansk agus oibríocht mhíleata speisialta a sheoladh. D'iarr sé ar rannpháirtithe sa chomhdháil rannchuidiú le seasamh Mhoscó a shoiléiriú. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, tá Alexandr Udaltsov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1512. | Sergey Alexandrovich KARAGANOV<br>(Сергей Александрович КАРАГАНОВ) | Dáta breithe: 10.9.1952<br>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Is comhalta é de Chomhairle an Uachtaráin um an tSochaí Shibhialta agus um Chearta an Duine; Maoirseoir Eolaíochta Dhámh an Gheilleagair Dhomhanda agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, Ard-Scoil na hEacnamaíochta;<br>Cathaoirleach Oinigh ar Phraesaidiam na Comhairle um Beartas Eachtrach agus Cosanta (SVOP)<br>Daoine aonair comhlachaithe: Valery Fadeyev | Is eolaí polaitiúil Rúiseach é Sergey Karaganov, cathaoirleach oinigh ar Phresidium na Comhairle um Beartas Eachtrach agus Cosanta (SVOP), agus is comhalta é de Chomhairle an Uachtaráin um an tSochaí Shibhialta agus um Chearta an Duine. Ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá bonn cirt tugtha aige don ionradh a rinne an Rúis, agus scaip sé bolscaireacht Rúiseach faoin gcogadh, ag maíomh go bhfuil an tIarthar toilteanach an Rúis a scriosadh agus go bhfuil sé mar aidhm ag na gníomhaíochtaí míleata an Úcráin a dhínaitsíú agus réigiún Donbass a shaoradh.<br>Dá bhrí sin, tá Sergey Karaganov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1513. | Rizvan Abdullayevich ZUBAIROV<br>(Ризван Абдуллаевич ЗУБАИРОВ) | Dáta breithe: 18.7.1979<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Is comhalta é de Chomhairle an Uachtaráin um an tSochaí Shibhialta agus um Chearta an Duine;<br>Seoladh: Rostov-on-Don, pr-kt. Mikhail Nagibin 31B, apt. 40<br>Pasuimhir: 3914864377, eisithe an 10.4.2015 | Is breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas i Rostov-on-Don é Rizvan Zubairov. Rinne sé cinntí a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol.<br>Thug sé téarma príosúin 14 bliana do Server Mustafayev – cosantóir chearta an duine Tatarach na Crimé agus iriseoir sibhialta a bhí ina chomhordaitheoir ar eagraíocht sochaí sibhialta, Dlúthpháirtíochta na Crimé, a dhéanann faireachán agus doiciméadú ar an gcos ar bolg agus ar na sáruithe ar chearta an duine arna ndéanamh sa Chrimé, a ionghabhadh go neamhdhleathach, ag údaráis fhorghabhála na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Rizvan Zubairov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1514. | Roman Viktorovich SAPRUNOV<br>(Роман Викторович ЛЯГИН) | Dáta breithe: 23.3.1973<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas i Rostov-on-Don | Is breitheamh de Chúirt Mhíleata na Dúiche Theas i Rostov-on-Don é Roman Saprunov. Rinne sé cinntí a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol.<br>Thug sé téarma príosúin 12 bhliain do Emir-Usein Kuku — gníomhaí Tatarach na Crimé, ó Ghrúpa Teagmhála na Crimé um Chearta an Duine, a rinne faireachán ar fhuadach forfheidhmithe sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Dá bhrí sin, tá Roman Saprunov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1515. | Viktor Ivanovich ZINKOV<br><br>(Виктор Иванович ЗИНЬКОВ) | Dáta breithe: 09.4.1970<br><br>Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Feidhm: Breitheamh de 'Chúirt Uachtarach Phoblacht na Crimé'<br><br>Seoladh: Crimea, Simferopol, Krylova 37/72 app. 102 (Ukraine)<br><br>Pasuimhir: Pas Chónaidhm na Rúise uimh. 3914857478, eisithe an 20.4.2015 | Is breitheamh é Viktor Zinkov de 'Chúirt Uachtarach Phoblacht na Crimé' a bhunaigh fórsa forghabhála na Rúise sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br><br>Rinne sé cinntí a raibh údar polaitiúil leo i gcoinne shaoránaigh na hÚcráine a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol. Gearradh téarma príosúnachta 17 mbliana ar Nariman Dzhelyal — polaiteoir Tatarach na Crimé ar son na hÚcráine, gníomhaí agus Leas-Chathaoirleach Tatarach Mejlis na Crimé.<br><br>Dá bhrí sin, tá Viktor Zinkov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1516. | Tatyana Anatolyevna MANEZHINA<br>ar a dtugar freisin: Tetyana Anatoliivna MANEZHYNA<br>(Rúisis: Татьяна Анатольевна МАНЕЖИНА<br>Úcráinis: Тетяна Анатоліївна МАНЕЖИНА) | Feidhm: 'Aire Cultúir Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 14.6.1963<br>Áit bhreithe: Kopeysk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach<br>Inscne: baineann | Ceapadh Tetyana Manezhyna i mí na Nollag 2021 mar 'Aire Cultúir Phoblacht na Crimé', mar a ghairtear de. Agus í ag glacadh leis an ról sin, tá sí ag obair gan údarú ó údaráis na hÚcráine i leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Lean sí de ghníomhaíochtaí a shaothrú san Aireacht, dá ngairtear di, mar a thionscain a réamhtheachtaí. Faoina ceannaireacht agus faoina smacht, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí i gcoinne oidhreacht chultúrtha agus shéadchomharthaí Tataraigh na Crimé, a dhéantar de shárú ar an dlí idirnáisiúnta agus gan saineolas iomchuí, rud a bhaineann an bonn d'oidhreacht chultúrtha na Crimé.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Tetyana Manezhyna freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | v |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1517. | Natalya Leonidovna DESYATOVA<br>(Rúisis: Наталья Леонидовна ДЕСЯТОВА)<br>(Úcráinis: Наталя Леонідівна ДЕСЯТОВА) | Feidhm: Stiúrthóir, dá ngairtear di, Mhúsaem Mhínealaíon Kherson<br>Dáta breithe: 11.7.1966<br>Áit bhreithe: Kherson, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | I mí Iúil 2022, cheap údaráis na Rúise Natalya Desyatova mar stiúrthóir ar Mhúsaem Mhínealaíon Kherson. Nuair a bhí Kherson fós faoi smacht Fhórsaí Armtha na Rúise, baineadh maoin chultúrtha Mhúsaem Mhínealaíon Kherson as an músaem i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2022 agus tógadh go neamhdhleathach í go Simferopol, sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Rinneadh é sin faoi rialú Desyatova agus le cúnamh ó fhórsaí slándála na Rúise.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Natalya Desyatova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1518. | Tatiana Georgievna BRATCHENKO<br>ar a dtugtar freisin Tetiana Georgiivna BRATCHENKO<br>(Rúisis: Татьяна Георгиевна БРАТЧЕНКО<br>(Úcráinis: Тетяна Георгіївна БРАТЧЕНКО) | Feidhm: Stiúrthóir ar Mhúsaem Réigiúnach Kherson<br>Dáta breithe: 17.11.1949<br>Náisiúntacht: Úcránach<br>Inscne: baineann<br>Pasuimhir, uimhir aitheantais náisiúnta, uimhreacha doiciméad aitheantais eile: Pasuimhir na hÚcráine: 058980 | Bhí Tatiana Bratchenko ina stiúrthóir ar Mhúsaem Réigiúnach Kherson. Sa ról seo, chabhraigh sí go deonach agus d'aon ghnó le fórsaí slándála na Rúise déantáin an mhúsaeim a bhaint de. Thacaigh sí go poiblí le smacht na Rúise ar réigiún Kherson agus thacaigh sí le hionghabháil neamhdhleathach na críche.<br>Ag gníomhú di sa cháil sin, tá Tatiana Bratchenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1519. | Natalya Aleksandrovna KAPUSTNIKOVA<br>(Rúisis: Наталья Александровна КАПУСТНИКОВА)<br>(Úcráinis: Наталі Олександрівна КАПУСНИКОВА) | Feidhm: Stiúrthóir Mhúsaem Stair Áitiúil Mariupol<br>Dáta breithe: 12.8.1977<br>Áit bhreithe: Mariupol, iar-USSR (dá ngairtear an Úcáin anois)<br>Inscne: baineann | Is í Natalia Kapustnikova stiúrthóir Mhúsaem Stair Áitiúil Mariupol. D'aimsigh sí suíomh na saothar ealaíne ó Mhúsaem Ealaíne Kuindzhi Mariupol agus thug sí na saothair sin go toilteanach ar aghaidh chuig údaráis na Rúise, a d'éascaigh a n-aistriú chuig Músaem Stair Áitiúil Donetsk. Rinneadh é sin gan eolas nó toiliú údaráis na hÚcráine ná ó Stiúrthóir Mhúsaem Ealaíne Kuindzhi.<br>Ag gníomhú di sa cháil sin, tá Natalia Kapustnikova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1520. | Andrei Vitalyevich MALGIN<br>(Андрей Витальевич МАЛЬГИН) | : Stiúrthóir Ard-Mhúsaem Taurida in Simferopol<br>Dáta breithe: 11.6.1965<br>Áit bhreithe: Simferopol, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Andrei Malgin stiúrthóir Ard-Mhúsaem Taurida in Simferopol, sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Aistríodh saothair ealaíne ó Mhúsaem Mínealaíne Kherson chuig Músaem Lárnach Taurida i Simferopol, áit a bhfuil siad coinnithe faoina smacht faoi láthair.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá Andrei Malgin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1521. | Alexey Vasilyevich TENSIN<br>(Rúisis: Алексей Васильевич ТЕНСИН<br>(Úcráinis: Олексій Васильович ТЕНСІН) | Feidhm: Stiúrthóir na cuideachta comhstoic 'PMC Wagner Centre'<br>Dáta breithe: 28.11.1971<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe:Wagner Group | Is é Alexey Tensin Príomhfheidhmeannach na cuideachta comhstoic 'PMC Wagner Centre', fiontar tráchtála Rúiseach, arb é is aidhm dó tacú le hinfheistíocht agus nuálaíocht na hearnála príobháidí chun tacú le cumais chosanta na Rúise agus iad a neartú.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá Alexey Tensin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1522. | Alexander Alexandrovich TRONIN<br>(Александр Александрович ТРОНИН) | Feidhm: Bunaitheoir agus bainisteoir an ghrúpa óige 'Wagnerenok', ar a dtugtar 'Leader' freisin<br>Dáta breithe: 20.5.2004<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 4018037770<br>Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeny Viktorovich PRIGOZHIN<br>Eintitis chomhlachaithe:Wagner Group | Is é Alexander Tronin an bunaitheoir agus coimeádaí sciathán óige an Ghrúpa Wagner PMC, a oibríonn in áitreabh PMC Wagner Centre. Is é príomhaidhm an chlub seo, ar a dtugtaí 'Wagnerenok' agus a dtugtar 'Leader' air faoi láthair, Rúisigh óga ar mian leo tacú le Fórsaí Armtha na Rúise san Úcráin agus gníomhaíochtaí PMC Wagner féin a earcú. Faoi PMC Wagner Centre, is féidir leo a bheith páirteach i dtionscadail, mar shampla forbairt agus rialú aerfheithiclí gan fhoireann, atá á n-úsáid ag an Rúis ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá Alexander Tronin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1523. | Sergei Fedorovich RUDSKOY<br>(Сергей Федорович РУДСКОЙ) | Feidhm: Ceann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Oibriúcháin Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Coirnéal Ginearál<br>Dáta breithe: 2.10.1960<br>Áit bhreithe: Mykolaiv, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá an Coirnéal Ginearál Sergei Rudskoy ina Cheann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Oibriúcháin Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise ó bhí 2015 ann. I measc a cuid freagrachtaí, déanann an Phríomh-Stiúrthóireacht Oibriúcháin maoirseacht ar phleanáil straitéiseach agus oibríochtúil le haghaidh na bhFórsaí Armtha, lena n-áirítear rialú oibríochtúil trúpaí in aimsir na síochána agus i rith an chogaidh. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an Stiúrthóireacht go díreach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus déanann sí éascaíocht dó.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Sergei Rudskoy freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1524. | Yevgeny Valeryevich NIKIFOROV<br>(Евгений Валерьевич НИКИФОРОВ) | Feidhm: Ceannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Iarthair; Coirnéal Ginearál<br>Dáta breithe: 1.1.1970<br>Áit bhreithe: Aksha, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Nikiforov ina Cheannasaí ar Cheantar Míleata Iarthar Chónaidhm na Rúise ó mhí Eanáir 2023 i leith. Faoina cheannas, tá Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear trúpaí Cheantar Míleata an Iarthair, ag leanúint dá n-ionsaithe ar an Úcráin, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Nikiforov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1525. | Sergei Yuryevich KUZOVLEV<br>(Сергей Юрьевич КУЗОВЛЕВ) | Feidhm: Ceannasaí ar Dhúiche Mhíleata Dheisceartach Chónaidhm na Rúise; Coirnéal Ginearál<br>Dáta breithe: 7.1.1967<br>Áit bhreithe: Michurinsk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é an Coirnéal Ginearál Sergei Kuzovlev Ceannasaí Cheantar Míleata Dheisceart Chónaidhm na Rúise ón 23 Eanáir 2023. Faoina cheannas agus faoina smacht, tá Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear trúpaí Cheantar Míleata an Deiscirt, i mbun troda san Úcráin.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Sergei Kuzovlev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1526. | Andrey Nikolayevich MORDVICHEV<br>(Андрей Николаевич МОРДВИЧЕВ) | Feidhm: Ceannasaí Dhúiche Mhíleata Lár Chónaidhm na Rúise; Leifteanant-Ghinearál<br>Dáta breithe: 14.1.1976<br>Áit bhreithe: Pavlodar, iar-USSR (dá ngairtear an Chasacstáin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Tá an Leifteanant-Ghinearál Andrey Mordvichev ina Cheannasaí ar Dhúiche Lár Chónaidhm na Rúise ón 17 Feabhra 2023. Faoina cheannas agus faoina smacht, tá Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear trúpaí na Dúiche Míleata Láir, i mbun troda san Úcráin.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Leifteanant-Ghinearál Andrey Mordvichev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1527. | Aleksandr Pavlovich LAPIN<br>(Александр Павлович ЛАПИН) | Feidhm: Ceann Foirne Fhórsaí Talún na Rúise; Coirnéal Ginearál<br>Dáta breithe: 1.1.1964<br>Áit bhreithe: Kazan, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir phas nó uimhir aitheantais: sraith 1808 Uimh. 233282<br>Uimhir Aitheantais Chánach: 344407793386 | Tá an Coirnéal Ginearál Aleksandr Lapin ina Cheann Foirne ar Fhórsaí Talún na Rúise ón 10 Eanáir 2023. Sa cháil sin, is é Ardcheannasaí trúpaí talún na Rúise a ghlacann páirt dhíreach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Bhí sé ina Cheannasaí Dhúiche Mhíleata Lár Chónaidhm na Rúise roimhe seo, lena n-áirítear le linn chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Mar sin, is é d'ordaigh ionsaithe na Rúise 2022 i dtreo Chernihiv agus Sumy.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Aleksandr Lapin freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1528. | Tatyana Viktorovna SHEVTSOVA<br>(Татьяна Викторовна ШЕВЦОВА) | Feidhm: Leas-Aire Cosanta Chónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 22.7.1969<br>Áit bhreithe: Kozelsk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is Leas-Aire Cosanta de chuid Chónaidhm na Rúise í Tatyana Shevtsova, atá freagrach as buiséad na hAireachta agus as gníomhaíochtaí airgeadais na hAireachta. Déanann sí maoirseacht ar láimhseáil acmhainní agus tá sí freagrach as íocaíochtaí a thabhairt do shaighdiúirí slógtha atá ag troid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tá airgeadaithe míleata atá faoina smacht ag stiúradh acmhainní chuig críocha na hÚcráine a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Tatyana Shevtsova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1529. | Yevgeniy Vladimirovich BURDINSKIY<br>(Евгений Владимирович БУРДИНСКИЙ) | Feidhm: Ceann ar Phríomh-Stiúrthóireacht Eagraíochtúil agus Slógaidh d'Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Leas-Cheann Foirne Ginearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise; Coirnéal Ginearál<br>Dáta breithe: 25.8.1960<br>Áit bhreithe: Belogorsk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é an Coirnéal Ginearál Yevgeny Burdinsky Ceann Phríomh-Stiúrthóireacht Eagraíochtúil agus Slógaidh d'Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise agus Leas-Cheann Foirne Ginearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Sa ról sin, tá sé freagrach go díreach as cuidiú le saoránaigh na Rúise a shlógadh isteach sa chogadh.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá an Coirnéal Ginearál Yevgeny Burdinsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1530. | Viktoria Alexandrovna SERDYUKOVA<br>(Виктория Александровна СЕРДЮКОВА) | Feidhm: 'An Coimisinéir um Chearta an Duine i nDaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 9.6.1981 nó 1982<br>Áit bhreithe: Sevastopol, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is í Viktoria Serdyukova, 'Coimisinéir Dhaon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear de, ón 5 Deireadh Fómhair 2021. Sa ról sin, thacaigh sí leis an gcogadh foghach a sheol an Rúis i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022. Thacaigh sí le hionghabháil neamhdhleathach chríoch Luhansk agus le glacadh reachtaíocht na Rúise sa chríoch sin agus i gcríocha eile a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Agus í ag glacadh na cáile sin chuici agus ag gníomhú di dá réir, tá Viktoria Serdyukova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1531. | Yevgeniy Ivanovich DIETRICH<br>ar a dtugtar freisin Yevgeny Ivanovich DITRIKH<br>(Евгений Иванович БЕССОНОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC GTLK<br>Dáta breithe: 8.9.1973<br>Áit bhreithe: Mytishchi, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Eintitis chomhlachaithe: JSC GTLK | Is é Yevgeniy Dietrich ard-stiúrthóir na cuideachta comhstoic 'State Transport Leasing Company' (JSC GTLK), atá faoi úinéireacht iomlán Aireacht Iompair Chónaidhm na Rúise. Mar chuideachta atá faoi úinéireacht an stáit, tá GTLK ag baint tairbhe airgeadais as an Rialtas agus cuireann sé seirbhísí ar fáil freisin sa Chrimé agus i gCathair Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Ag gníomhú dó sa cháil sin, tá Yevgeniy Dietrich freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó den cobhsaíocht nó den tslándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, nó lena gcuirtear bac ar obair eagraíochtaí idirnáisiúnta san Úcráin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1532. | Semyon Vladimirovich PEGOV<br>(Семëн Владимирович ПЕГОВ) | Feidhm nó gairm: Blagaire míleata<br>Dáta breithe: 9.9.1985<br>Áit bhreithe: Smolensk, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile aitheantais: TIN: 673110457100 | Is blagaire míleata Rúiseach é Semyon Pegov agus ritheann sí ceann de na cainéil meán sóisialta is mó tóir ar son an chogaidh sa Rúis, WarGonzo. Is minic a fheictear ar mheáin stáit na Rúise é. Scaip Semyon Pegov agus WarGonzo bolscaireacht frith-Úcráineach agus cuireann siad míleata na Rúise agus PMC Wagner chun cinn, ag léiriú fórsaí na hÚcráine mar Naitsithe agus ag scaipeadh faisnéis bhréagach faoi shaotharlanna bitheolaíocha ECAT in Mariupol.<br>Glacann Semyon Pegov páirt ghníomhach i dtionscnaimh na n-údarás Rúiseach a chuireann an cogadh agus an slógadh chun cinn agus thug údaráis na Rúise luach saothair dó.<br>Dá bhrí sin, tá Semyon Pegov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1533. | Aleksandra Vladimirovna KOSTERINA/<br>ar a dtugtar freisin Aleksandra Vladimirovna KOSHARNITSKAYA/<br>ar a dtugtar freisin Aleksandra Vladimirovna KOSHARNITSKAYA KOSTERINA<br>(Александра Владимировна КОШАРНИЦКАЯ/КОСТЕРИНА) | Feidhm: An Chéad Leas-Ardstiúrthóir, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Faisnéise agus Príomheagarthóir NTV.<br>Dáta breithe: 26.2.1980<br>Áit bhreithe: Krasnodar, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Tá Aleksandra Kosterina (Kosharnitskaya) ina Chéad Leas-Ardstiúrthóir, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Faisnéise agus Príomheagarthóir ar NTV (HTB), príomhchainéal teilifíse na Rúise atá faoi rialú díreach Chónaidhm na Rúise.<br>Déanann NTV macalla ar bheartais údaráis na Rúise agus tacaíonn sé leo trína ghníomhaíochtaí bolscaireachta. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá NTV ar cheann na hionstraimí is gníomhaí agus is suntasaí chun insint na Creimile a scaipeadh chun tacú leis an gcogadh trí thráchtaireachtaí foghacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil.<br>Mar Leas-Ardstiúrthóir, Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Faisnéise agus Príomheagarthóir, tá tionchar díreach ag Aleksandra Kosterina (Kosharnitskaya) ar an ábhar ar NTV agus ar an gcaoi a gcuireann sé daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráineagus faoi na céimeanna a ghlacann rialtas na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksandra Kosterina (Kosharnitskaya) ag tacú, le gníomhaíochtaí agus beartais, agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1534. | Olga Nikolaevna BELOVA<br>(Ольга Николаевна БЕЛОВА) | Feidhm: Óstach an chainéil teilifíse Zvezda TV<br>Dáta breithe: 19.7.1976<br>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Viktorovich PIMANOV<br>Eintitis chomhlachaithe: Cuideachta Oscailte Comhstoic Teilifíse agus Raidió de chuid Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, 'Zvezda'<br>ОАО ТРК ВС РФ 'ЗВЕЗДА' | Is bolscaire í Olga BELOVA atá ag obair ag TV Zvezda, eagraíocht de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise. Tá sí ina hóstach de chláir shuaitheanta teilifíse Zvezda, cláir a scaipeann bréagaisnéis go rialta maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine, agus a thugann tacaíocht ríthábhachtach do bheartas na Creimile. Go háirithe, scaip sí bréagaisnéis maidir le hÚcránaigh a bheith ina Naitsithe agus maidir le buamaí bitheolaíocha agus ceimiceacha a bheith á n- ullmhú i gcoinne na Rúiseach.<br>Is comhalta í ar bhord rialaithe na heagraíochta 'Máithreacha na Rúise', a thacaíonn leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Olga BELOVA freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1535. | Andrey Olegovich KONDRASHOV<br>(Андрей Олегович КОНДРАШОВ) | Feidhm: An Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK)<br>Dáta breithe: 30.6.1973<br>Áit bhreithe: Alma-Ata, iar-USSR (dá ngairtear an Chasacstáin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Andrey Kondrashov an Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorparáid meán is mó sa Rúis.<br>Sula raibh sé ina Chéad Leas-Stiúrthóir ar VGTRK, d'oibrigh sé mar phreasrúnaí ar cheanncheathrú feachtais Putin agus d'údaraigh sé 'cláir faisnéis' cosúil le 'Crimea. The Way Home' agus 'Putin'. Bronnadh gradam Ord Cairdis air ón Uachtarán Putin as 'ardghairmiúlacht agus oibiachtúlacht maidir le himeachtaí i bPoblacht na Crimé a chlúdach' i mí na Bealtaine 2014.<br>Bhí sé i gceannas ar bheartas faisnéise VGTRK agus ina stiúrthóir ar an gclár Vesti – News. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lena dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtaireachtaí foghacha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach na hÚcráine agus lena dtacaítear le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | A bheith ar cheann de na príomhfheidhmeannaigh, tá Andrey Kondrashov freagrach go díreach as gníomhaíochtaí na corparáide meán seo. Mar Chéad-Leas-Ardstiúrthóir atá i gceannas ar fhaisnéis agus ar chraoltóireacht pholaitiúil, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na bearta a rinne Rialtas na Rúise.<br><br>Dá bhrí sin, tá Andrey Kondrashov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1536. | Mikhail Vladimirovich LEONTYEV<br>(Михаил Владимирович ЛЕОНТЬЕВ) | Feidhm: Iriseoir, láithreoir teilifíse ar Perviy Kanal, Preas-Rúnaí 'Rosneft'<br>Dáta breithe: 12.10.1958<br>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is bolscaire é Mikhail Leontyev ar Pervyi Kanal (Channel One), cainéal mór teilifíse na Rúise atá faoi rialú díreach buan Chónaidhm na Rúise. Déanann Pervyi Kanal macalla ar bheartais údaráis na Rúise agus tacaíonn sé leo trína ghníomhaíochtaí bolscaireachta. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine , tá Pervyi Kanal ar cheann de na hionstraimí is gníomhaí agus is suntasaí chun scéal na Creimile a scaipeadh chun tacú leis an gcogadh le tráchtaireachtaí foghacha agus an bonn a bhaint d'iomláine chríochach na hÚcráine, ag tacú le hionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé, agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Is leas-uachtarán agus preas-rúnaí é freisin ar Rosneft. Ó 1999 i leith, tá sé ina údar agus ina láithreoir ar chlár suaitheanta 'Odnako' ar Pervyi Kanal, áit a mbaineann sé an bonn go rialta ó státacht na hÚcráine agus tugann sé údar leis an gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Mikhail Leontyev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1537. | Rifat Abdulvagapovich SABITOV<br>(Рифат Абдулвагапович САБИТОВ) | Feidhm: Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhorbairt na Sochaí Faisnéise, Ollmheáin agus Ollchumarsáide Dhlísheomra Cathartha Chónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 30.4.1956<br>Áit bhreithe: Moscó, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Rifat Sabitov an Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorparáid meán is mó sa Rúis. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lenar dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtaireachtaí ionsaitheacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil.<br>Agus é ar cheann de phríomhfheidhmeannaigh na cuideachta, tá Rifat Sabitov freagrach go díreach as gníomhartha VGTRK. Mar Leas-Ardstiúrthóir, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na bearta a rinne rialtas na Rúise.<br>Thairis sin, tá baint ghníomhach aige le múnlú na timpeallachta sriantaí faisnéise sa Rúis mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhorbairt na Sochaí Faisnéise, Ollmheáin agus Ollchumarsáide Dhlísheomra Cathartha Chónaidhm na Rúise, mar Chathaoirleach ar an gComhairle Phoiblí faoi Aireacht Forbartha Digití na Rúise agus in go leor comhlachtaí eile. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Daoine aonair comhlachaithe: Oleg Dobrodeev,<br>Evgeniy Bekasov<br>Eintitis chomhlachaithe: An Chuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK)<br>Faisnéis eile aitheantais: TIN: 773314059364 | Dá bhrí sin, tá Rifat Sabitov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1538. | Viktor Sergeevich SINEOK<br>(Виктор Сергеевич СИНЕОК) | Feidhm: Comhfhreagraí speisialta agus colúnaí in Ionad Faisnéise Ilmheán Izvestia<br>Dáta breithe: 19.3.1980<br>Áit bhreithe: Rostov ón Don, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Balanova Svetlana Evgenievna, Tyulin (Tiulin) Vladimir Vladimirovich, Frolov Mikhail Evgenievich | Is comhfhreagraí agus colúnaí é Viktor Sineok in Ionad Faisnéise Ilmheán (MIC) Izvestia — tionscadal de chuid an Ghrúpa Náisiúnta Meán a sholáthraíonn na seirbhísí nuachta don chainéal REN TV, cainéal 5 agus nuachtán Izvestia.<br>Bhí bolscaireacht agus bréagaisnéis a bhaineann le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráineá scaipeadh go gníomhach ag Viktor Sineok roimh an ionradh iomlán an 24 Feabhra 2022 agus ina dhiaidh. Bíonn beartais agus gníomhaíochtaí na Creimile á gcur chun cinn aige, ceannaireacht na Rúise á moladh, faisnéise faoi ainghníomhartha a rinne arm na Rúise á hionramháil agus na hionghabhálacha a rinneadh ar réigiúin na hÚcráine á gceiliúradh. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Eintitis chomhlachaithe: an Grúpa Náisiúnta Meán,<br>Faisnéis eile aitheantais: TIN: 616404561125 | D'ullmhaigh sé arís agus arís eile tuarascálacha agus ailt ina ndearna sé iarracht a chur ina luí ar an lucht léitheoireachta gur faisnéis bhréagach chumtha í an fhaisnéis faoi ainghníomhartha a rinne an Rúis in áiteanna, mar shampla in Bucha. Bhí sé ag cur le spreagadh an fhuatha do mhuintir na hÚcráine trí bhréagaisnéis rialtais na Rúise faoi chinedhíothú in Donbas a athrá agus trí neamhspleáchas na hÚcráine a dhiúltú. Ina thuarascálacha, bíonn an chuid is mó de phríomhinsintí bréagaisnéise na Rúise faoin Úcráin á gcur chun cinn aige, lena n-áirítear an méid faoi bhithshaotharlanna a bheith á reáchtáil ag SAM sa tír.<br>Dá bhrí sin, tacaíonn Viktor Sineok le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus cuireann sé na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1539. | Boris Georgievich YANOVSKY<br>(Борис Георгиевич ЯНОВСКИЙ) | Feidhm: Léiritheoir feidhmiúcháin ar an gcainéal teilifíse Zvezda TV<br>Dáta breithe: 25.10.1968<br>Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Viktorovich Pimanov | Is bolscaire é Boris Yanovsky agus is é an t-ardléiritheoir teilifíse é ar TV Zvezda. Mar ardléiritheoir, tá Yanovsky freagrach as an ábhar teilifíse a bhíonn ar TV Zvezda a tháirgeadh agus a chur chun cinn, lena scaipeann bréagaisnéis go rialta maidir le cogadh leanúnach foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráineagus a thugann tacaíocht ríthábhachtach do bheartas na Creimile. Mar ardléiritheoir teilifíse ar TV Zvezda, bíonn baint aige le bréagaisnéis a scaipeadh maidir le hÚcránach a bheith ina Naitsithe agus buamaí bitheolaíocha agus ceimiceacha a ullmhú lena n-úsáid i gcoinne na Rúiseach.<br>Mar aitheantas ar a chuid gníomhaíochtaí, bronnadh an bonn 'As ucht an Comhlathas Comhraic a Neartú' ar Yanovsky é féin.<br>Dá bhrí sin, tá Boris Yanovsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1540. | Anton Andreevich ZLATOPOLSKIY<br>(Антон Андреевич ЗЛАТОПОЛЬСКИЙ) | Feidhm: An Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), Ard-Stiúrthóir ar an gcainéal teilifíse Rossiya 1<br>Dáta breithe: 12.9.1966<br>Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Oleg Dobrodeev,<br>Evgeniy Bekasov<br>Eintitis chomhlachaithe: An Chuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK)<br>Faisnéis eile aitheantais: TIN: 772903574300 | Is é Anton Zlatopolskiy an Chéad Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorparáid meán is mó sa Rúis. Ina theannta sin is é an t-Ardstiúrthóir fadtéarmach é ar an gcainéal teilifíse Rossiya 1. Le linn an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lenar dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtaireachtaí ionsaitheacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil.<br>Mar Chéad Leas-Ardstiúrthóir le fada an lá, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus faoi na bearta a rinne rialtas na Rúise. Ina theannta sin tá sé freagrach as na gníomhaíochtaí bolscaireachta a chuirtear amach ar an gcainéal teilifíse Rossiya 1.<br>Dá bhrí sin, tá Anton Zlatopolskiy ag tacú, le gníomhaíochtaí agus beartais agus á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1541. | Aleksandr Viktorovich GUSEV<br>(Rúisis: Александр Викторович ГУСЕВ<br>(Úcráinis: Олександр Вікторович ГУСЄВ) | Feidhm: Gobharnóir an réigiúin Voronezh<br>Dáta breithe: 27.1.1963<br>Áit bhreithe: Ozerskoye, Ceantar Kozelsky, réigiún Kaluga, iar-RSFSR, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Aleksandr Gusev an Gobharnóir ar an réigiún Voronezh. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig réigiún Voronezh ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksandr Gusev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1542. | Galina Anatolyevna PYATYKH<br>ar a dtugtar freisin Galina PIATYKH<br>ar a dtugtar freisin: 'Galina Fifth'<br>(Rúisis: Галина Анатоліївна ПЯТИХ/<br>(Úcráinis: Галина Анатольевна ПЯТЫХ) | Feidhm: Comhairleoir le Gobharnóir an réigiúin Belgorod, an Coimisinéir um Chearta Leanaí i Réigiún Belgorod<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 12.5.1970<br>Áit bhreithe: Dubovoe, réigiún Belgorod, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: baineann | Is í Galina Pyatykh Comhairleoir Ghobharnóir an réigiúin Belgorod agus is í an Coimisinéir um Chearta Leanaí í i Réigiún Belgorod. Sa ról sin, tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Galina Pyatykh cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Galina Pyatykh freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1543. | Irina Anatolyevna AGEEVA<br>(Rúisis: Ірина Анатоліївна АГЕЄВА)<br>(Úcráinis: Ирина Анатольевна АГЕЕВА) | Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Kaluga<br>Dáta breithe: 29.12.1976<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is í Irina Ageeva an Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Kaluga. Sa ról sin tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Ageeva cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Irina Ageeva freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1544. | Irina Aleksandrovna CHERKASOVA<br>(Rúisis: Ирина Олександрівна ЧЕРКАСОВА)/<br>(Úcráinis: Ирина Олександрівна ЧЕРКАСОВА) | Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Rostov<br>Dáta breithe: 1963<br>Áit bhreithe: Bataysk, réigiún Rostov, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: baineann | Is í Irina Cherkasova an Coimisinéir um Chearta Leanaí sa réigiún Rostov. Sa ról sin tá sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis agus lena n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Cherkasova cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Irina Cherkasova freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1545. | Mansur Mussayevitch SOLTAEV<br>(Мансур Муссаевич СОЛТАЕВ)<br>(Úcráinis: Мансур Муссайович СОЛТАЄВ) | Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí i bPoblacht na Seisnia<br>Dáta breithe: 13.6.1978<br>Áit bhreithe: Saratov, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Mansur Soltaev an Coimisinéir um Chearta an Dhuine i bPoblacht na Seisnia. Sa cháil sin, feidhmíonn sé mar príomh-idirghabhálaí rialtais, ag cur insintí oifigiúla chun cinn go gníomhach. Tá Mansur Soltaev freagrach as sáruithe chearta an duine, as géarleanúint a dhéanamh ar mhíleataigh frithchogaidh, agus as agóidí i gcoinne shlógadh trúpaí na Rúise a chur faoi chois. Tá sé rannpháirteach freisin i ndíbirt sibhialtach 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus i 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, lena n-áirítear leanaí Úcránacha a dhíbirt chuig na campaí oiliúna míleata sa tSeisnia. Sáraíonn gníomhaíochtaí Mansur Soltaev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Mansur Soltaev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1546. | Muslim Magomedovich KHUCHIEV<br>(Rúisis: Муслим Магомедович ХУЧИЕВ) /<br>(Úcráinis: Муслім Магомедович ХУЧІЄВ) | Feidhm: Cathaoirleach ar Rialtas Phoblacht na Seisnia, Cathaoirleach an ghrúpa oibre ag Rialtas Phoblacht na Seisnia<br>Dáta breithe: 5.8.1971<br>Áit bhreithe: Zakan-yurt, ceantar Achkhoy-Martanovsky, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Ramzan Kadyrov | Is é Muslim Khuchiev an Cathaoirleach ar Rialtas Phoblacht na Seisnia. Sa ról sin, tá Muslim Khuchiev páirteach go dlúth le Ramzan Kadyrov i bpleananna táirgeachta míleata na Seisnia, pleananna a d'úsáid Fórsaí Armtha na Rúise sa ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Ó thús a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, tá go leor sibhialtach Úcránach aistrithe ag an Rúis chuig Poblacht na Seisnia. Tá Muslim Khuchiev ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt go neamhdhleathach go dtí an Rúis agus lena n-uchtú chuig teaghlaigh Rúiseacha ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Muslim Khuchiev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1547. | Vladimir Vladimirovich VLADIMIROV<br>(Rúisis: Владимир Владимирович ВЛАДИМИРОВ)<br>(Úcráinis: Володимир Володимирович ВЛАДІМІРОВ) | Feidhm: Gobharnóir Stavropol Krai (Réigiún)<br>Dáta breithe: 27.7.1963<br>Áit bhreithe: Georgievsk, réigiún Stavropol, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Vladimir Vladimirov Gobharnóir Stavropol Krai. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig réigiún Stavropol Krai ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Vladimirov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chur chun feidhme, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1548. | Vladimir Mikhailovich MOROZOV<br>ar a dtugtar freisin Uladzimir Mikhailavich MAROZAU<br>(Rúisis: Владимир Михайлович МОРОЗОВ)<br>(Bealarúisis: Уладзімір Міхайлавіч МАРОЗАЎ) | Feidhm: Ceann Iarnróid na Bealarúise<br>Dáta breithe: 1965<br>Áit bhreithe: Buda-Koshelevo, réigiún Gomel, iar-USSR (dá ngairtear an Bhealarúis anois)<br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Vladimir Morozov Ceann Iarnróid na Bealarúise, a oibríonn seirbhís iarnróid idir an Rúis agus an Bhealarúis. Agus an ról sin aige, thacaigh sé le himscaradh agus iompar pearsanra míleata agus trealaimh mhíleata na Rúise a raibh baint acu le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Morozov freagrach, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1549. | Dmitriy Aleksandrovich PANTUS<br>ar a dtugtar freisin Dzmitry Aliaksandravich PANTUS/<br>(Rúisis: Дзмiтрый Аляксандравiч ПАНТУС)<br>Bealarúisis: Дмитрий Александрович ПАНТУС) | Feidhm: Cathaoirleach an Údaráis Stáit um Thionscal Míleata na Bealarúise<br>Dáta breithe: 9.6.1982<br>Áit bhreithe: Berezovka, réigiún Grodno, USSR (dá ngairtear an Bhealarúis anois)<br>Náisiúntacht: Bealarúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Dmitriy Pantus Cathaoirleach an Údaráis Stáit um Thionscal Míleata na Bealarúise. Déanann an tÚdarás Stáit um Thionscal Míleata na Bealarúise airm a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann sé táirgeadh arm chun cinn i bhfofhiontair chun an t-arm a sholáthar, soláthraíonn sé comhar míleata-tionsclaíoch, déanann sé maoirseacht ar ghluaiseacht arm thar theorainn an stáit agus soláthraíonn sé loingseoireacht d'arm na Rúise. Sa phost atá aige, cuireann Dmitry Pantus tacaíocht mhíleata ar fáil do Chónaidhm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Dmitriy Pantus freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1550. | Boris Sergeevich ALYOSHIN<br>(Борис Сергеевич АЛЁШИН) | Feidhm: Leas-Chathaoirleach 'SoyuzMash Russia', Comhairleoir le hArd-Stiúrthóir PJSC 'United Aircraft Corporation' maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht<br>Dáta breithe: 3.3.1955<br>Áit bhreithe: Moscow, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is fear gnó Rúiseach é Boris Alyoshin a bhfuil baint aige le gníomhaíochtaí cuideachtaí agus corparáidí na Rúise a chuireann le bonn míleata na Rúise a neartú. Tá sé ar cheann de bhunaitheoirí agus bainisteoirí an LLC 'SoyuzMash Rúis', faoina dtagann níos mó ná míle tionscal míleata agus sibhialta de chuid na Rúise le chéile.<br>Ina theannta sin, tá Boris Alyoshin páirteach i mbainistiú roinnt corparáidí Rúiseacha agus cuideachtaí beaga a tháirgeann táirgí míleata. Is é an Comhairleoir é le hArd-Stiúrthóir PJSC 'United Aircraft Corporation' maidir le heolaíocht agus teicneolaíocht. Le PJSC 'United Aircraft Corporation', ar le Rialtas na Rúise tromlach na scaireanna, comhdhlúthaítear cuideachtaí agus sócmhainní monaraithe aerárthaí Rúiseacha, idir phríobháideach agus faoi úinéireacht stáit, a bhíonn ag gabháil d'iompar míleata agus sibhialta, agus aerárthaí gan foireann a mhonarú. Ina theannta sin is é Boris Alyoshin cathaoirleach bhord stiúrthóirí choimpléasc tionsclaíoch Kronstadt a tháirgeann ladrainn mhíleata a úsáideann arm na Rúise ina cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Eintitis chomhlachaithe:<br>PJSC 'United Aircraft Corporation';<br>JSC 'Kronstadt Group' | Ina theannta sin, Is Boris Alyoshin an maoirseoir acadúil ar an Institiúid Ionaid Taighde a ainmníodh as N.E. Zhukovsky. Ar chuid de na feidhmeanna atá ag an institiúid seo tá forbairt teicneolaíochtaí nua i réimse na tógála aerárthaí agus úsáid na torthaí eolaíocha agus teicniúla a fhaightear chun cur le forbairt earnálacha eile de gheilleagar Chónaidhm na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Boris Alyoshin freagrach as tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1551. | Veniamin Ivanovich KONDRATYOV<br>ar a dtugtar freisin Veniamin Ivanovich KONDRATYEV<br>(Вениамин Иванович КОНДРАТЬЕВ) | Feidhm: Gobharnóir Réigiún Krasnodar i gCónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 1.11.1970<br>Áit bhreithe: Prokopyevsk, USSR (Russian Federation anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: TIN: 233005199735 | Is é Veniamin Kondratyov Gobharnóir Réigiún Krasnodar i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá Veniamin Kondratyev ag rannchuidiú le díbirt, fuadach agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ar dhuine de na ceannairí (réigiúnacha) Rúiseacha sinsearacha a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt go neamhdhleathach go dtí an Rúis agus lena n-uchtú chuig teaghlaigh Rúiseacha ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Veniamin Kondratyev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Veniamin Kondratyov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1552. | Murat Karalbiyevich KUMPILOV<br>ar a dtugtar freisin Murat Karalbievich KUMPILOV<br>(Мурат Каральбиевич КУМПИЛОВ) | Feidhm: Ceann Phoblacht Adygea i gCónaidhm na Rúise agus rúnaí bhrainse réigiúnach Adygea de Rúis Aontaithe (Edinaya Rossiya)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 27.2.1973<br>Áit bhreithe: Ulyap, ceantar Krasnogvardeysky, Poblacht Adygea, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: TIN: 010200122926 | Is é Murat Kumpilov Ceann Phoblacht Adygea i gCónaidhm na Rúise agus rúnaí bhrainse réigiúnach Adygea de Pháirtí na Rúise Aontaithe (Edinaya Rossiya). Sa cháil sin, tá Murat Kumpilov ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach agus fuadach leanaí Úcráinis chuig campaí ar a dtugtar 'campaí sláinte' agus saoráidí athoideachais atá lonnaithe ina réigiún. Tá Murat Kumpilov ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt éigeantach agus fuadach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Murat Kumpilov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Murat Kumpilov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1553. | Sergey Konstantinovich NOSOV<br>(Сергей Константинович НОСОВ) | Feidhm: Gobharnóir Réigiún Magadan i gCónaidhm na Rúise<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Dáta breithe: 17.2.1961<br>Áit bhreithe: Magnitogorsk, réigiún Chelyabinsk iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile:<br>TIN: 662300439460 | Is é Sergey Nosov gobharnóir réigiún Magadan i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá Sergey Nosov ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear campaí arna reáchtáil ag Artek, eagraíocht náisiúnach Rúiseach a chuir filleadh leanaí na hÚcráine ar a dteaghlaigh ar fionraí. Tá Sergey Nosov ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Sergey Nosov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Sergey Nosov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1554. | Zamid Aliyevich CHALAYEV<br>(Замид Алиевич ЧАЛАЕВ) | Feidhm: Ceannasaí an Dara Reisimint Speisialta Póilíneachta de chuid Aireacht Gnóthaí Baile Chónaidhm na Rúise i bPoblacht na Seisnia<br>Dáta breithe: 19.8.1981<br>Áit bhreithe: Benoi, Ceantar Nozhai-Yurt, an tSeisnia, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Is é Zamid Chalayev ceannasaí an Dara Reisimint Speisialta Póilíneachta de chuid Aireacht Gnóthaí Baile Chónaidhm na Rúise i bPoblacht na Seisnia. Mar cheannasaí ar an dara Reisimint Sainchuspóireach Póilíní Seisnise, glacann Zamid Chalayev páirt ghníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus ghlac sé páirt, *inter alia*, i ngabháil na Rúise ar chathair Mariupol agus in ionradh an ghléasra mhiotalóireachta 'Azovstal'. Thairis sin, tá baint dhíreach ag Zamid Chalayev le hathoideachas éigeantach agus oiliúint mhíleata leanaí Úcránacha. Cuireann sé go gníomhach le heagrú campaí 'athoideachas míleata' atá lonnaithe i bPoblacht na Seisnia. I gceann de na campaí síolteagaisc cuirtear ar dhéagóirí Úcránacha 'cúrsa trodaire óig' a leanúint ina múintear do leanaí Úcránacha trealamh míleata a oibriú. Tá Zamid Chalayev ar cheann de na príomhdhaoine a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha chuig Poblacht na Seisnia. Sáraíonn gníomhaíochtaí Zamid Chalayev cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Zamid Chalayev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1555. | Vladimir Viktorovich SOLODOV<br>(Владимир Викторович СОЛОДОВ) | Feidhm: Gobharnóir Kamchatka Krai i gCónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 26.7.1982<br>Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Ina cháil mar ghobharnóir ar Kamchatka Krai, tá Vladimir Solodov ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sé ag éascú a díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin chuig campaí ina réigiún féin. Tá sé ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Solodov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Solodov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1556. | Leyla Rinatovna FAZLEEVA<br>(Лейла Ринатовна ФАЗЛЕЕВА) | Feidhm: Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Tatarstáine; Cathaoirleach Choimisiún Phoblacht na Tatarstáine um Ghnóthaí Óige agus um Chosaint a gCeart<br>Dáta breithe: 29.5.1975<br>Áit bhreithe: Sráidbhaile Kant, réigiún Kant, iar-USSR (dá ngairtear an Chirgeastáin anois)<br>Inscne: baineann | Ina cáil mar Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Tatarstáine chomh maith le Cathaoirleach Choimisiún na Poblachta um Ghnóthaí Óige agus um Chosaint a gCeart, tá Leyla Fazleeva ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sí ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear an campa 'Miras' i gceantar Zelenodolsky. Tá sí ar cheann de na hoifigigh réigiúnacha a bhfuil baint acu le pleanáil, buiséadú agus maoirseacht na gcampaí sa Tatarstáin, ina bhfuil cóiríocht á fáil ag grúpaí leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Leyla Fazleeva freagrach, as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1557. | Rinat Nailevich SADYKOV<br>(Ринат Наилевич САДЫКОВ) | Feidhm: Aire Gnóthaí Óige Phoblacht na Tatarstáine<br>Dáta breithe: 18.3.1986<br>Áit bhreithe: Kazan, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Ina cháil mar Aire Gnóthaí Óige Phoblacht na Tatarstáine, tá Rinat Sadykov ag cur le díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine chuig campaí atá lonnaithe ina réigiún, lena n-áirítear an campa 'Miras' i gceantar Zelenodolsky. Tá sé ar cheann de na hoifigigh réigiúnacha a bhfuil baint acu le pleanáil, buiséadú agus maoirseacht na gcampaí sa Tatarstáin, ina bhfuil cóiríocht á fáil ag grúpaí leanaí ó chríocha faoi fhorghabháil na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Rinat Sadykov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1558. | Ksenia Vladimirovna MISHONOVA<br>(Ксения Владимировна МИШОНОВА) | Feidhm: Ombudsman um Chearta Leanaí réigiún Mhoscó<br>Dáta breithe: 14.12.1972<br>Áit bhreithe: Pavlohrad, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Inscne: baineann | Is Ombudsman um Chearta Leanaí i réigiún Mhoscó í Ksenia Mishonova. Tá baint aici le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin go dtí críoch Chónaidhm na Rúise. D'éascaigh sí freisin coimeád leanaí ón Úcráin a aistriú sa Rúis, agus saoránacht na Rúise a thabhairt dóibh. Sháraigh a cuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Dá bhrí sin, tá í Ksenia Mishonova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1559. | Darya Vasilievna MOROZOVA<br>(Дарья Васильевна МОРОЗОВА) | Feidhm: Coimisinéir Chearta an Duine in 'Daonphoblacht Donetsk' mar a ghairtear de<br>Dáta breithe: 27.2.1989<br>Áit bhreithe: Makeevka, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Inscne: baineann | Is í Darya Morozova Coimisinéir Chearta an Duine in 'Daonphoblacht Donetsk' mar a ghairtear de. Bhí baint aici le díbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin ó Donbas go campaí i Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus chuig ionaid chóiríochta sa Rúis. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Thacaigh sí le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráineagus scaip sí bolscaireacht agus bréagaisnéis na Rúise faoin gcogadh. Thairis sin, thacaigh sí leis an aitheantas neamhdhleathach a thug Cónaidhm na Rúise ar na 'Daon-Phoblachtaí', mar a thugtar orthu, in Donbas agus an ionghabháil neamhdhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar na réigiúin Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia san Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá Darya Morozova freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1560. | Vitaliy Oleksandrovych SUK<br>(Виталий Александрович СУК) | Feidhm: Stiúrthóir Scoil Cónaithe Oleshki do Leanaí faoi Mhíchumas<br>Dáta breithe: 12.3.1970<br>Inscne: fireann | Tá Vitaly Suk ina stiúrthóir ar Scoil Chónaithe Oleshki do Leanaí faoi Mhíchumas. Bhí baint aige le díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha faoi mhíchumas ó réigiún Kherson go dtí an Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus go dtí críocha eile na hÚcráine faoi rialú na Rúise. Cuireadh cuid de na leanaí sin ar aghaidh chuig tithe do leanaí faoi mhíchumas ar fud na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Dá bhrí sin, tá Vitaly Suk freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1561. | Vladimir Viktorovich KHROMOV<br>(Владимир Викторович ХРОМОВ) | Feidhm: Ionadaí don Choimisinéir um Chearta Leanaí in Oifig Uachtarán Chónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 15.8.1977<br>Inscne: fireann | Is ionadaí é Vladimir Khromov don Choimisinéir um Chearta Leanaí in Oifig Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Maria Lvova-Belova. Bhí baint aige le campaí míleata-tírghrá a eagrú sa tSeisnia do leanaí Úcránacha a aistríodh go neamhdhleathach ó Donbas go dtí críoch Chónaidhm na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Khromov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1562. | Konstantin Albertovich FEDORENKO<br>(Константин Альбертович ФЕДОРЕНКО) | Feidhm: Stiúrthóir Ionad Leanaí Idirnáisiúnta Institiúid Chónaidhme Stáit Bhuiséadach Oideachais Artek<br>Dáta breithe: 29.12.1976<br>Áit bhreithe: Belorechensk, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Is stiúrthóir é Konstantin Fedorenko ar Ionad Idirnáisiúnta Leanaí Artek. Bhí baint aige le campaí míleata agus tírghrá Rúiseacha a eagrú do leanaí ó Leithinis na Crimé a dhíbirt go neamhdhleathach, agus do leanaí a aistríodh go neamhdhleathach chuig Leithinis na Crimé ó chodanna eile den Úcráin atá faoi smacht na Rúise. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Thairis sin, thacaigh sé go poiblí le saighdiúirí Rúiseacha a ghlac páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin thacaigh sé leis an nasc-ghabháil mhídhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus ar Sevastopol.<br>Dá bhrí sin, tá Konstantin Fedorenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1563. | Leonid Mikhailovich ROMANOV<br>(Леонид Михайлович РОМАНОВ) | Feidhm: Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht um Chúnamh Leanaí Evgeny Primakov<br>Dáta breithe: 13.2.1947<br>Áit bhreithe: Moscow, iar-USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Tá Leonid Romanov ina ardstiúrthóir ar Fhondúireacht um Chúnamh Leanaí Evgeny Primakov, a chuireann chun feidhme an tionscadal 'Leanaí Donbas', faoina bhfuil leanaí Úcránacha ó Donbas á n-athlonnú chuig críoch na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach agus na Rúise. Ceann de spriocanna an tionscadail 'Leanaí Donbas' is ea leanaí ó réigiún Donbas na hÚcráine a lánpháirtiú sa saol sa Rúis.<br>Ghlac sé páirt i ndíbirt neamhdhleathach leanaí ón Úcráin ó Donbas go campa in Yevpatoria sa Chrimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Agus í faoina bhainistíocht bhí baint ag Fondúireacht um Chúnamh Leanaí Evgeny Primakov le dhá ionad a reáchtáil in aice le Moscó, áit a dtugtar cóiríocht agus scolaíocht do leanaí ó Donbas. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Dá bhrí sin, tá Leonid Romanov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1564. | Vladimir Vladislavovich KOVALENKO<br>(Владимир Владиславович КОВАЛЕНКО) | Feidhm: Ceann Foirne an Bhrainse Réigiúnach den 'Arm Óg' - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) - i gcathair Sevastopol<br>Dáta breithe: 4.2.1962<br>Áit bhreithe: Luhansk, iar-USSR (dá ngairtear an Úcráin anois)<br>Inscne: fireann | Is é Vladimir Kovalenko Ceann Foirne an Bhrainse Réigiúnach den 'Arm Óg' - Gluaiseacht Shóisialta Tírghrá Mhíleata Uile-Rúiseach (Yunarmiya) - i gcathair Sevastopol. Bhí baint aige le campaí míleata agus tírghrá Rúiseacha a eagrú do leanaí ó Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus do leanaí a díbríodh go neamhdhleathach chuig Leithinis na Crimé ó chodanna eile den Úcráin a ghabh an Rúis. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Thairis sin, ghlac craobh Yunarmiya faoina cheannas páirt i bhfeachtas eagraithe inar iarradh ar na páistí scoile i gcathair Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, litreacha a scríobh chuig na saighdiúirí Rúiseacha a ghlac páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Kovalenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1565. | Vladimir Dmitrievich NECHAEV<br>(Владимир Дмитриевич НЕЧАЕВ) | Feidhm: Reachtaire Ollscoil Stáit Sevastopol<br>Dáta breithe: 20.12.1972<br>Áit bhreithe: Sudzha, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Is reachtaire é Vladimir Nechaev ar Ollscoil Stáit Sevastopol. Thacaigh sé go poiblí le cinneadh Uachtarán Putin tús a chur le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin thacaigh sé leis an ionghabháil mhídhleathach a rinne Cónaidhm na Rúise ar an gCrimé agus ar Sevastopol in 2014.<br>Agus í faoina bhainistíocht, tá clár á reáchtáil ag Ollscoil Stáit Sevastopol, ar lena linn a cuireadh athoideachas maidir le stair, cultúr agus tírghrá na Rúise ar leanaí Úcránacha a aistríodh go neamhdhleathach ó 'Daon-Phoblacht Luhansk', mar a ghairtear di, agus ó chodanna eile den Úcráin atá faoi fhorghabháil ag an Rúis ar Leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí dlí agus ord riaracháin na hÚcráine, agus sáraíonn siad cearta leanaí Úcránacha.<br>Dá bhrí sin, tá Vladimir Nechaev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1566. | Andrey Sergeevich IVANAEV/<br>ar a dtugtar freisin Andrei Sergeyevich IVANAYEV/<br>ar a dtugtar freisin Andrey Sergeyevich IVANAYEV;<br>(Андрей Сергеевич ИВАНАЕВ) | Feidhm: Leifteanant-Ghinearál i bhFórsaí Armtha na Rúise agus ceannasaí ar an 20ú Gard-arm Arm Comhcheangailte de Chónaidhm na Rúise<br>Dáta breithe: 19.1.1972<br>Áit bhreithe: Ural'sk, USSR (dá ngairtear an Chasacstáin anois)<br>Inscne: fireann | Is Leifteanant-Ghinearál é Andrey Ivanaev i bhFórsaí Armtha na Rúise. Tá sé ina cheannasaí ar an 20ú Gard-arm Arm Comhcheangailte i gCeantar Míleata an Iarthair i gCónaidhm na Rúise. Sa cháil sin, tá sé i gceannas go díreach agus tá tionchar suntasach aige maidir le himscaradh fhórsaí na Rúise a ghlacann páirt i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Le linn ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, chuir an 20ú Gard-Arm Comhcheangailte Arm — faoi cheannas Andrey Ivanaev — go díreach le hionsaí na Rúise ó threo oirthuaisceart na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Andrey Ivanaev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1567. | Sergey Borisovich MUCHKAYEV<br>(Сергей Борисович МУЧКАЕВ) | Feidhm: Coirnéal i bhFórsaí Armtha na Rúise; ceann ar Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise<br>Dáta breithe: 22.12.1976<br>Áit bhreithe: Dobele, USSR (dá ngairtear an Latvia anois)<br>Inscne: fireann | Is oifigeach ardchéime é Sergey Muchkayev laistigh d'Fhórsaí Armtha na Rúise. Tá sé ina cheann ar Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 de Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as oiliúint a chur ar phearsanra míleata na Rúise a oibríonn córais diúracán dromchla go haer, lena n-áirítear an 53ú Briogáid Diúracán Frith-Aerárthaí. Níos tábhachtaí fós, is é Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 — faoi cheannas Sergey Muchkayev — an t-aon ionad oiliúna i gCónaidhm na Rúise a chuireann oiliúint ar speisialtóirí sóisearacha in úsáid arm frith-aerárthaigh meán-raoin. Chomh maith le bheith ina cheannaire ar Ionad Oiliúna Diúracán Frith-Aerárthaí 106 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise, atá freagrach as oiliúint réamh-imscartha ar aonaid diúracán dromchla go haer na Rúise a ghlacann páirt ghníomhach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'fheidhmigh Sergey Muchkayev mar cheannasaí ar an 53ú Briogáid Diúracán Frith-Aerárthaí go dtí 2020.<br>Dá bhrí sin, tá Sergey Muchkayev freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.202 3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1568. | Leonid Vladimirovich KHARCHENKO<br>ar a dtugtar freisin Krot<br>(Леонид Владимирович ХАРЧЕНКО<br>ar a dtugtar freisin: Крот) | Feidhm: Ceann Chathlán Taiscéalaíochta Krot de chuid an 2ú Roinn den Ghníomhaireacht Faisnéise Míleata (GRU) de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di<br>Dáta breithe: 10.1.1972<br>Áit bhreithe: Kostyantynivka, USSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Inscne: fireann | Bhí Leonid Kharchenko ina cheannasaí ar an aonad faisnéise 'Cathlán Taiscéalaíochta' de chuid 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di, agus ghlac sé páirt ghníomhach sa ghluaiseacht scarúnaíoch ag céim luath den choinbhleacht armtha san Úcráin. Chinn cúirt Ollannach é a bheith ciontach as Eitilt MH17 a tabhairt go talamh. eitilt de chuid Malaysia Airlines, in 2014. In 2018 agus é ina leifteanant coilíneach chuaigh Kharchenko ar scor ó fhórsaí 'Daon-Phoblacht Donetsk'. Ghlac sé páirt i dtoghcháin áitiúla, sa Chrimé, tar éis gur moladh é le haghaidh an Choimisiúin ó bhrainse Phoblacht na Crimé de 'Cumannaigh na Rúise'. Bhí na toghcháin sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhdhleathach.<br>Dá bhrí sin, tá Leonid Kharchenko freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1569. | Sergey Nikolaevich DUBINSKY<br>ar a dtugtar freisin Khmury<br>( Сергей Николаевич ДУБИНСКИЙ;<br>ar a dtugtar freisin Хмурый) | Feidhm: Ceann Ghníomhaireacht Faisnéise Míleata (GRU) 'Daon-Phoblacht Donetsk', mar a ghairtear di<br>Dáta breithe: 9.8.1962<br>Áit bhreithe: Neskuchnoe, Iar-USSR (dá ngairtear an Ucráin anois)<br>Inscne: fireann | Bhí Sergey Dubinsky ina Cheann Faisnéise Míleata ar Dhaon-Phoblacht Donetsk (DPR) mar a ghairtear di agus ghlac sé páirt ghníomhach sa ghluaiseacht scarúnaíoch ag céim luath den choinbhleacht armtha, tar éis dó ionsaí an DPR a phleanáil agus a fhorghníomhú, ionsaí a tharla sular tugadh eitilt MH17 go talamh. Chinn cúirt Ollannach é a bheith ciontach as Eitilt MH17 a tabhairt go talamh. eitilt de chuid Malaysia Airlines, agus as dúnmharú an 298 nduine a bhí ar bord. Is coirnéal é Sergey Dubinsky i gcúlfhórsaí na Seirbhíse Faisnéise Míleata (GRU), agus tá sé á chosaint ag Rialtas na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá sé ag baint leas as le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Thairis sin, tá Sergey Dubinsky freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1570. | Artem Alexandrovich USS<br>ar a dtugtar freisin Artyom Alexandrovich USS<br>(Артем Александрович УСС ar a dtugtar freisin Артём Александрович УСС) | Feidhm: úinéir Sibougol LCC<br>Dáta breithe: 22.4.1982<br>Áit bhreithe: Russian Federation<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Artem Uss úinéir Sibougol LCC, príomhchuideachta Shibéarach a tháirgeann níos mó ná 2 mhilliún tonna guail in aghaidh na bliana, le hioncam de níos mó ná RUB 2 000 000 000 arna chlárú in 2020. In éineacht lena theaghlach, tá baint aige freisin leis an gcuideachta 'Krasnoyarsklesomaterialy', ceann de na honnmhaireoirí is mó d'adhmad Sibéarach.<br>Fuair Sibougol LCC conarthaí móra rialtais a bhuí le athair Artem Uss, Alexander Uss, le linn a shainordaithe mar ghobharnóir ar réigiún Krasnoyarsk. Ina theannta sin, an 20 Aibreán 2023, ghabh Alexander Uss buíochas go poiblí leis an Uachtarán Putin agus le Rialtas Chónaidhm na Rúise as tacú leis chun a mhac a thabhairt ar ais go dtí an Rúis.<br>Tá Artem Uss rannpháirteach freisin i ngníomhaíochtaí gnó roinnt cuideachtaí eile, lena n-áirítear Nord-Deutsche Industrieanlagenbau, a bhfuil sé ina chomhúinéir air. Chuir sé teicneolaíochtaí míleata agus dé-úsáide ar fáil do Chónaidhm na Rúise trína chuideachta Nord-Deutsche Industrieanlagenbau. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, is tá Artem Uss ar dhuine de na príomhdhaoine gnó atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch a thugann foinse shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá Artem Uss ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin.'; | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1571. | Mikhail Sergeevich ZVINCHUK<br>(Михаил Сергеевич ЗВИНЧУК) | Feidhm: Comhalta den mheitheal um an 'oibríocht mhíleata speisialta' arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Cruthaitheoir an chainéil teileagram míleata 'Rybar'<br>Dáta breithe: 19.7.1991<br>Áit bhreithe: Moscow, iarUSSR (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: Fireann | Tá Mikhail Sergeevich Zvinchuk ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh Uachtarán na Rúise Vladimir Putin i mí na Nollag 2022 chun iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar an ról a bhí aige sa mheitheal, tá aithne air mar chruthaitheoir an chainéil Telegram míleata 'Rybar' atá ar son na Rúise agus a thuairiscíonn ar iarrachtaí cogaidh na Rúise, ar sheasaimh mhíleata na hÚcráine, agus ar scaipeadh bréagaisnéise agus bolscaireachta atá ar son na Creimile faoin gcogadh.<br>Dá bhrí sin, tá Mikhail Zvinchuk freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin | 23.6.202<br>3 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1572. | Alexander Valeryevich SLADKOV<br>(Александр Валерьевич СЛАДКОВ) | Feidhm: Comhalta den mheitheal um an 'oibríocht mhíleata speisialta' arna bunú le foraithne ag an Uachtarán Putin; Iriseoir, Comhfhreagraí Cogaidh do VGTRK<br>Dáta breithe: 1.4.1966<br>Áit bhreithe: Monino, Moscow region, iarUSSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: Fireann | Tá Alexander Valeryevich Sladkov ina chomhalta den mheitheal a bhunaigh an tUachtarán Putin i mí na Nollag 2022 a bhfuil sé de chúram uirthi iarrachtaí slógaidh Chónaidhm na Rúise a chomhordú chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Anuas ar a ról sa mheitheal, oibríonn sé mar chomhfhreagraí cogaidh don chraoltóir stáit Rúiseach VGTRK, ag scaipeadh bréagaisnéise agus bolscaireachta atá ar son na Creimile faoin gcogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Thairis sin, tá baint aige le VGTRK, cuideachta sealbhaíochta meán atá freagrach as tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus as tacú le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tairbhe a fháil ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Alexander Sladkov freagrach as tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus as iad a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin. | + |

\+ IO cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘212. | Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad<br>(ar a dtugtar freisin Fund for the Legal Protection and Support of Russian Federation Compatriots, ar a dtugtar freisin Living Abroad, ar a dtugtar freisin The Foundation for the Support of Compatriots)<br>Rúisis:<br>“Фонд поддержки и защиты прав соотечественников, проживающих за рубежом” | Seoladh: room 308-324, Arbat St, 55/32, Moscow, Russia, 119200<br>An cineál eintitis: Eagraíocht Neamhrialtasach<br>Áit chlárúcháin: Moscó, an Rúis<br>Dáta clárúcháin: 21.11.2011<br>Uimhir chlárúcháin: 1117799023330<br>Príomhionad gnó: An Rúis, Moscó<br>Eintitis chomhlachaithe: Gníomhaireacht Chónaidhme Rossotrudnichestvo. | Is í Cónaidhm na Rúise a bhunaigh an Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad, arb é is aidhm dó spriocanna beartais eachtraigh Rialtas na Rúise a chomhlíonadh. Is struchtúr uathúil é de ‘chumhacht bhog’ na Rúise, a bhfuil ról tábhachtach aige i gcur chun feidhme pholaitíocht dheighilteach Rialtas na Rúise.<br>Úsáidtear na hathbhreithnithe anailíseacha a dhéanann saineolaithe na Fondúireachta chun príomhtheachtaireachtaí bolscaireachta na Creimile a dhearbhú, lena n-áirítear go spreagtar teachtaireachtaí maidir le nua-Naitsíochas agus seineafóibe ag údaráis na hÚcráine. Baineann an Fhondúireacht úsáid as líomhaintí gan bhunús maidir leis an Naitsíochas, fóibe faoin Rúis, agus ar lucht labhartha na Rúisise, i gcomhréir le beartais na Creimile, chun éagobhsaíocht agus deighilt a chruthú in go leor de thíortha comharsanacha na Rúise.<br>Chuir Stiúrthóir Feidhmiúcháin na fondúireachta in iúl go dtacaíonn sé leis an Uachtarán Putin agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dhearbhaigh Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise, Sergei Lavrov, obair sheasta na Fondúireachta chun cur i gcoinne na tseineafóibe, an nua-Naitsíochais agus iarrachtaí chun an stair a fhalsú.<br>Dá bhrí sin, tá an Foundation for the Support and Protection of the Rights of Compatriots Living Abroad freagrach as tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 213. | JSC Makeyev State Rocket Center<br>АО "Государственный ракетный центр имени академика В. П. Макеева"<br>(АО "ГРЦ Макеева") | Seoladh: Miass, Russia<br>Dáta clárúcháin: 1947<br>Príomhionad gnó: An Rúis | Is cuideachta Rúiseach é JSC Makeyev State Rocket Center a dhearann agus a tháirgeann diúracáin agus airm eile ar son Aireacht Cosanta na Rúise. Úsáidtear diúracáin arna dtáirgeadh as Makeyev State i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin, eagraíonn JSC Makeyev State Rocket Center ceolchoirmeacha agus ócáidí tiomsaithe airgid 'tírghrácha' mar thaca le saighdiúirí na Rúise atá ag troid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC Makeyev State Rocket Center freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 214. | MRB Bank<br>ar a dtugtar freisin 'International Settlement Bank' LLC<br>ar a dtugtar freisin Mezhdunarodnyi Raschetnyi Bank<br>('Международный Расчетный Банк'<br>ar a dtugtar freisin КБ МРБ (ООО)) | Seoladh: Stalin Street 20, Tsinkhval, Republic of South Ossetia<br>Suíomh gréasáin:<br>https://mrb-bank.ru/<br>(Dorochtana san Aontas)<br>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta<br>Áit chlárúcháin: Poblacht na hOiséite Theas<br>Dáta clárúcháin: 15.5.2015<br>Uimhir chlárúcháin: 1159800030409<br>Príomhionad gnó: iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois), an tSeoirsia, an Úcráin | D'oscail MRB Bank oifigí i n Kherson agus Zaporizhzhia, críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, agus soláthraíonn sé roinnt seirbhísí baincéireachta faoi rialú Bhanc Ceannais na Rúise. Bhunaigh sé UMBanna sa réigiún agus oibríonn sé brainse áitiúil in Luhansk.<br>Dá bhrí sin, tá MRB Bank freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 215. | CMRBank<br>ar a dtugtar freisin TSMRBank<br>ar a dtugtar freisin Bank 'Centre for International Settlements' LLC<br>(ЦМРБанк<br>ar a dtugtar freisin Банк 'Центр международных расчетов') | Seoladh: Palikha street 10, building 7 127055, Moscow<br>Russian Federation<br>Teileafón: +7-495-980-80-44 8-800-250-09-22<br>Suíomh gréasáin: https://cmrbank.ru<br>Ríomhphost: cmr@cmrbank.ru<br>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta<br>Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 28.4.2015<br>Uimhir chlárúcháin: 1157700005759<br>Príomhionad gnó: iar-USSR, (dá ngairtear Cónaidhm na Rúise anois), an Úcráin | Is institiúid airgeadais é CMRBank atá gníomhach agus oibríochtúil i gcríocha Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia, a ionghabhadh go neamhdhleathach, ó mhí Dheireadh Fómhair 2022. Tá sé ar cheann de na bainc sna réigiúin sin a mhalartaíonn hryvnia ar rúbail do shaoránaigh áitiúla, agus a sholáthraíonn iasachtaí tosaíochta chomh maith.<br>Dá bhrí sin, tá CMRBank freagrach as tacaíocht a thabhairt, go hábharach agus ó thaobh airgeadais de, do ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 216. | Joint-stock company "PMC Wagner Centre"<br>(ЧВК Вагнер Центр) | Seoladh: 15 Zolnaya Street, Building 1, Room 1-N, Ch.P. 194 (Office 206)<br>Saint-Petersburg, municipal district Pravoborezhny<br>Russian Federation<br>Suíomh gréasáin: https://wagnercentr.ru/<br>Ríomhphost: info@wagnercentr.ru<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise | Is fiontar tráchtála Rúiseach é PMC Wagner Centre, arb é is aidhm dó tacú le hinfheistíocht agus nuálaíocht na hearnála príobháidí chun tacú le cumais chosanta na Rúise agus iad a neartú. Tá tionscadail innealtóireachta agus TF á maoirsiú ag PMC Wagner Centre chun na críche sin, agus tá clár seolta aige faoi aerárthaí gan foireann a oibriú. Trí Yevgeny Viktorovich Prigozhin, tá dlúthbhaint ag PMC Wagner Centre agus a ghníomhaíochtaí lena chomhainmneach, an Grúpa Wagner PMC, eintiteas míleata neamhchorpraithe atá lonnaithe sa Rúis agus atá freagrach as amhais Ghrúpa Wagner a imscaradh san Úcráin.<br>Trí rannchuidiú le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá sé freagrach as tacaíocht a thabhairt go hábharach do ghníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine críochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Dáta clárúcháin: 27.12.2022<br>Uimhir chlárúcháin: 1227800167242<br>Príomhionad gnó: An Rúis<br>Daoine aonair comhlachaithe: Yevgeniy Viktorovich Prigozhin<br>Eintitis chomhlachaithe: An Grúpa Wagner | | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 217. | PMC Patriot<br>(ЧВК 'Патриот') | Daoine aonair nó eintitis chomhlachaithe: Sergei Shoigu | Eintiteas míleata príobháideach neamhchorpraithe atá lonnaithe sa Rúis é Private military company Patriot ('PMC Patriot'), a oibríonn faoi cheannas Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, de réir na dtuairiscí. Tugann sé faoi ghníomhaíochtaí slándála agus míleata, agus bíonn sé ina rannpháirtí díreach i gcoinbhleachtaí míleata. Cé go raibh baint aige le gníomhaíochtaí sa tSiria agus i bPoblacht na hAfraice Láir roimhe seo, i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhí PMC Patriot i mbun gníomhaíochtaí comhraic san Úcráin, go háirithe sna hionsaithe ar chathair Vuhledar.<br><br>Dá bhrí sin, tá PMC Patriot freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus den chobhsaíocht agus den tslándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 218. | Open Joint Stock Company TV and Radio Company of the Armed Forces of the Russian Federation ‘Zvezda’<br>ar a dtugtar freisin OJSC TRC AF RF ‘Zvezda’<br>(Открытое акционерное общество ‘Телерадиокомпания Вооруженных Сил Российской Федерации “ЗВЕЗДА”’;<br>ar a dtugtar freisin OAO “ТРК ВС РФ ‘ЗВЕЗДА’”) | Seoladh: 129164, Moscow, Prospekt Mira, 126<br>129164, г. Москва, пр-кт Мира, д. 126<br>An cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Oscailte/OAO<br>Áit chlárúcháin: 129164, Moscó, Prospekt Mira, 126<br>129164, г. Москва, пр-кт Мира, д. 126<br>Dáta clárúcháin: 8.6.2009<br>Uimhir chlárúcháin: ИНН 7717653542 | Is eagraíocht é TV and Radio Company of the Armed Forces of the Russian Federation Zvezda atá á rialú ag Aireacht Cosanta na Rúise agus á maoiniú ag stát na Rúise. Reáchtálann an chuideachta ‘Zvezda’, cainéal teilifíse míleata tírghrách atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d’arm na Rúise agus é a chur chun cinn, agus a scaipeann bréagaisnéis agus bolscaireacht faoi chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Tá TV and Radio Company of the Armed Forces of the Russian Federation Zvezda ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus beartais sin ar an méid sin, agus tá sé ag cur na ngníomhaíochtaí agus na mbeartas sin chun feidhme. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | КПП 771701001<br>Príomhionad gnó: Moscó, an Rúis<br>Daoine aonair comhlachaithe: Aleksei Viktorovich Pimanov<br>Faisnéis eile: Cumarsáid; eagraíocht atá cláraithe le rialtóir meán na Rúise | | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 219. | Joint Stock Company 'Repair Base for Repair of Aircraft Instruments and Aerodrome Equipment'<br>ar a dtugtar freisin JSC REMBAZA<br>(Акционерное Общество "Ремонтная база по ремонту авиационных приборов и аэродромной техники")<br>ar a dtugtar freisin AO 'РЕМБАЗА') | Seoladh: St. Warsaw Highway, 125, Building 1, Office 515, Moscow, Russian Federation, 117587<br>An cineál eintitis: Maoin chónaidhme<br>Áit chlárúcháin: 412310, Réigiún Saratov, Balashov, Ul. Titova, D.40<br>Dáta clárúcháin: 19.5.2009<br>Uimhir chlárúcháin: TIN- 5027030107<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta é JSC "Repair Base For Repair Of Aircraft Instruments And Aerodrome Equipment" a bhunaigh Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Is é cothabháil arm agus trealaimh mhíleata príomhghnó na cuideachta. Trí sholáthairtí poiblí a dhéanamh le hAireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise, tacaíonn sé le hearnáil cosanta na Rúise, ar méadaíodh an caiteachas uirthi ó Bhealtaine 2022 i leith. Chomh maith leis sin, tá JSC "Repair Base for Repair of Aircraft Instruments and Aerodrome Equipment" ar liosta na n-eagraíochtaí straitéiseacha agus na gcomhlachtaí feidhmiúcháin cónaidhme a áirithíonn go gcuirtear beartas aontaithe stáit chun feidhme sna hearnálacha sin den gheilleagair ina n-oibríonn na heagraíochtaí sin.<br>Dá bhrí sin, tá JSC "Repair Base for Repair of Aircraft Instruments and Aerodrome Equipment" frweagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus tacaíonn sé le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 220. | Joint Stock Company DUKS<br>ar a dtugtar freisin JSC DUKS<br>(Организация АО ‘ДУКС’<br>ar a dtugtar freisin AO ДУКС) | Seoladh: Moscow, 125040, Pravda str., 8, Russian Federation<br>An cineál eintitis: Maoin phríobháideach<br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 9.7.2022<br>Uimhir chlárúcháin: 1027700010579<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Faisnéis eile:<br>INN: 7714077682<br>PPC: 771401001 | Is é JSC "DUKS" príomhtháirgeoir na ndiúracán roicéad, lena n-áirítear AA-11 "Archer", a iompraíonn aerárthaigh troda SU-27 na Rúise agus a úsáideann an Rúis mar chuid dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Ghabh Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, buíochas le JSC "DUKS" as a rannchuidiú mór le teicneolaíocht eitlíochta a chruthú agus cumas cosanta na tíre a neartú. Is comhpháirtithe de chuid JSC "DUKS" iad Aireacht Cosanta na Rúise agus Rosoboronexport (Onnmhairiú Cosanta na Rúise).<br>Dá bhrí sin, tá JSC "DUKS" freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus as tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tairbhe a fháil ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 221. | JSC Plant Universalmash<br>(АО ЗАВОД УНИВЕРСАЛМАШ) | Seoladh: 198097, St. Petersburg, Stachek avenue, 47 LITERA C, office 6th office 2/1, Russian Federation<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic neamhphoiblí<br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 23.8.2002<br>Uimhir chlárúcháin:<br>TIN - 7805060220<br>INN - 7805060220<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fochuideachta de PJSC "KIROVSKY ZAVOD" é JSC "Plant Universalmash" a sholáthraíonn an fearas tuirlingthe rianaithe aontaithe le haghaidh chóras diúracán frith-aeráthaí S-300V. Úsáidtear an cineál fearais tuirlingthe sin freisin le haghaidh aonaid airtléire féinghluaiste 'Pion' agus aonaid aontaithe ar leithligh le tanc T-80 a úsáideann fórsaí na Rúise san Úcráin. Thairis sin, dúirt Sergey Serebryakov, atá i gceannas ar Plant Universalmash, go bhfuil tascanna a bhaineann le horduithe cosanta stáit á gcomhlíonadh ag an gcuideachta.<br>Dá bhrí sin, tá JSC "Plant Universalmash" freagrach as tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus as tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tairbhe a fháil ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 222. | PJSC "Research and Production Association 'ISKRA'" / PJSC NPO Iskra<br>(ПАО "Научно-Производственное Объединение 'ИСКРА'" / ПАО НПО "Искра") | Seoladh: 614038, Perm Territory, Perm, st. Academician Vedeneeva, 28, Russian Federation<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic poiblí<br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 25.7.1996<br>Uimhir chlárúcháin: 1025901509798<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Faisnéis bhreise: Suíomh gréasáin: https://npoiskra.ru/,<br>Fón: +7 (342) 262-72-72,<br>Ríomhphost: info@npoiskra.ru<br>INN 5907001774<br>KPP 590701001<br>OKPO 07504034 | Déanann PJSC "Research and Production Association 'ISKRA'" trealamh a dhearadh, a mhonarú agus a sholáthar le haghaidh an choimpléisc breosla agus fuinnimh, forbraíonn agus monaraíonn sé innill roicéad breosla sholadaigh agus a n-eilimintí le haghaidh coimpléisc diúracán chun críoch éagsúil, lena n-áirítear d'fhórsaí straitéiseacha Chónaidhm na Rúise. Déanann PJSC "Research and Production Association 'ISKRA'" páirteanna le haghaidh coimpléisc diúracán a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tacaíonn PJSC "Research and Production Association 'ISKRA'" go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 223. | Joint Stock Company "State Scientific Center of the Russian Federation Troitsk Institute for Innovative and Thermonuclear Research"<br>ar a dtugtar freisin JSC "SSC RF TRINITY"<br>(Акционерное общество "Государственный научный центр Российской Федерации Троицкий институт инновационных и термоядерных исследований"<br>ar a dtugtar freisin AO "ГНЦ РФ ТРИНИТИ" | Seoladh: 108840, Moscow, Troitsk, st. Pushkov, vl. 12, Russian Federation<br>An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic<br>Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 10.3.2015<br>Uimhir chlárúcháin: 1157746176400<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Faisnéis bhreise: Ard-Stiúrthóir: Kirill Igorevich Ilyin<br>INN 7751002460<br>KPP 775101001 | Is cuideachta eolaíochta Rúiseach é JSC "SSC RF TRINITY" a dhéanann a phríomhghníomhaíochtaí eolaíochta sna réimsí seo a leanas: fisic phlasma, fisic agus teicneolaíocht léasair, fisic staid fhoircneach an damhna, fisic próiseas tiontaithe fuinnimh, agus taighde agus forbairt theicneolaíoch a bhaineann le cur i bhfeidhm an Oird Cosanta Stáit. Déanann JSC "SSC RF TRINITY" taighde ar son Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise agus d'fhorbair sé teicneolaíocht chun dromchlaí inmheánacha bairillí gunnaí airtléire a bhratú.<br>Dá bhrí sin, tacaíonn JSC "SSC RF TRINITY" go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 224. | "Plant "Zvezda" - Branch of the Federal State Unitary Enterprise "Scientific and Production Center of Automation and Instrumentation named after academician N.A. Pilyugin"<br>ar a dtugtar freisin FL "Plant "Zvezda" FSUE "NPCAP"<br>( "Завод 'Звезда'-Филиал Федерального Государственного Унитарного Предприятия "Научно-Производственный Центр Автоматики и Приборостроения имени академика Н.А.Пилюгина"<br>ar a dtugtar freisin ФЛ "Завод 'Звезда'" ФГУП "НПЦАП") | Seoladh: 172739, Solnechny island, Tver region, Novaya str., 80, Russian Federation<br>Seoladh dlíthiúil: 117342, Moscow City, Vvedenskogo street, 1, Russian Federation<br>An cineál eintitis: Brainse d'fhiontar aonadach an Stáit Cónaidhme<br>Áit chlárúcháin:<br>Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 15.11.2002<br>Uimhir chlárúcháin: 1027739552642<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is é "Plant 'Zvezda'" príomhfhiontar na Rúise i dtaobh feistí ardchruinnis gíreascópacha a tháirgeadh le haghaidh trealamh roicéad, spáis agus eitlíochta chun críoch éagsúil. Tá an gléasra mar chuid den choimpléasc tionsclaíoch míleata i réigiún Tver a réitíonn tascanna ardteicneolaíochta ar mhaithe le hAireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise.<br>Monaraíonn agus soláthraíonn "Plant 'Zvezda'" gíreascóip atá inchoigeartaithe go dinimiciúil a úsáidtear i gcórais rialúcháin agus cobhsaíochta na satailítí loingseoireachta — GLONASS-K. Is córas loingseoireachta satailíte Rúiseach é GLONASS, a ceapadh le tacaíocht loingseoireachta oibríochtúla agus ama a thabhairt do líon neamhtheoranta úsáideoirí ar talamh, ar muir, san aer agus spásbhunaithe. Cuidíonn córas GLONASS go leanúnach le Fórsaí Armtha na Rúise ruathair chruinne a chur i gcrích le diúracáin oirbheartaíochta (e.g. diúracáin thadhlacha Iskander) i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá "Plant 'Zvezda'" ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Eintitis ghaolmhara: Iar-mháthairchuideachta: Fiontar Aonadach Stáit Chónaidhme 'Scientific and Production Center of Automation and Instrumentation named after academician N.A. Pilyugin' (JSC 'NPCAP')<br>Faisnéis bhreise:<br>TIN 7728171283 | | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 225. | JSC Murom Instrument-Making Plant<br>ar a dtugtar freisin JSC "MPZ"<br>( Акционерное общество "Муромский приборостроительный завод"<br>ar a dtugtar freisin AO "МПЗ") | Seoladh: 602205, Vladimir region, Murom, 30 Let Pobedy St., 1a., Russian Federation<br>An cineál eintitis: Maoin mheasctha Rúiseach le sciar faoi úinéireacht chónaidhme<br>Áit chlárúcháin: Russian Federation, 602205, Vladimir region, Murom, 30 Let Pobedy St., 1a.<br>Dáta clárúcháin: 1.7.2011<br>Uimhir chlárúcháin: 1113334001879<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Faisnéis eile:<br>INN: 3334017070<br>KPP: 333401001 | Déanann JSC "Murom Instrument-Making Plant" speisialtóireacht i dtáirgeadh na modhanna tionscnaimh agus adhainte armlóin le haghaidh gach cineál airm de chuid na bhfórsaí armtha. Soláthraíonn sé armlón tionscnaimh agus adhainte do bhrainsí uile na bhFórsaí Armtha na Rúise, don Aireachta Gnóthaí Baile, do SSC agus do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile. Áirítear JSC "Murom Instrument-Making Plant" ar liosta na n-eagraíochtaí straitéiseacha a áirithíonn go gcuirtear beartas aontaithe stáit chun feidhme sna hearnálacha sin den gheilleagair ina n-oibríonn siad. Gheall Dmitry Fadeev, POF na cuideachta, go ndéanfadh sé 'gach rud chun na rudaí uile atá ag teastáil ó chosantóirí na hAthartha chun Donbass a shaoradh ó réimeas na Naitsithe a sholáthar dóibh'. Thairis sin, tá sé ina cheann ar Léig Fhiontair Chosanta Réigiún Vladimir, a tháirgeann airm.<br>Dá bhrí sin, tá JSC "Murom Instrument-Making Plant" freagrach as tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 226. | Design and Production Enterprise 'Iris' JSC<br>ar a dtugtar freisin PKP Iris; ar a dtugtar freisin Iris JSC<br>( Акционерное Общество "Производственно-Конструкторское Предприятие "Ирис"<br>ar a dtugtar freisin PKP Iris;<br>ar a dtugtar freisin Iris JSC) | Áit chlárúcháin: Russian Federation (Rostov region, Rostov-on-Don, st. Krasnoarmeiskaya, 9)<br>Dáta clárúcháin: 1.2.2010<br>Uimhir chlárúcháin: 6164295259 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar míleata tionsclaíoch é Design and Production Enterprise 'Iris' JSC a fhorbraíonn mótair leictreacha, 'feithiclí lainseála' agus córais roicéad d'Fhórsaí Armtha na Rúise. D'fhobair Iris JSC, *inter alia*, innill fomhuireán do Chabhlach Chónaidhm na Rúise. Tá trí cheadúnas agus dheimhniúchán ar a laghad ag an eintiteas, arna riaradh ag Rialtas Chónaidhm na Rúise, lena n-áirítear deimhniúchán arna riaradh d'eintitis Rúiseacha a oibríonn i dtionscal cosanta na Rúise, ceadúnas arna riaradh ag corparáid stáit spáis na Rúise, agus ceadúnas arna riaradh ag Seirbhís Chónaidhm na Rúise um Ghnóthaí Cosanta ar mhaithe le 'forbairt arm agus teicneolaíochta míleata'. Thairis sin, tá íomhánna bolscaireachta ar son an chogaidh ar shuíomh gréasáin oifigiúil an eintitis, trína dtugann Iris JSC tacaíocht go hoscailte do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hUcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Design and Production Enterprise "Iris" JSC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 227. | TRV-Akhtubinsk LLC<br>(ar a dtugtar freisin Tactical Missile Corporation Akhtubinsk<br>ОБЩЕСТВО С ОГРАНИЧЕННОЙ ОТВЕТСТВЕННОСТЬЮ 'ТРВ-АХТУБИНСК'<br>ar a dtugtar freisin . "Корпорация "Тактическое ракетное вооружение - Ахтубинск") | Áit chlárúcháin: Russian Federation (416506, Astrakhan Region, Akhtubinsky District, Akhtubinsk, st. Sukhoi P.O., Building 12a)<br>Dáta clárúcháin: 10.10.2010<br>Uimhir chlárúcháin: 3001041615 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise<br>Eintitis comhlachaithe:<br>Tactical Missile Corporation, máthairchuideachta, (TIN: 503210805145) | Is fiontar stáit míleata-tionsclaíoch Rúiseach é Tactical Missile Corporation Akhtubinsk a fhorbraíonn airm spéirlainseála le haghaidh aerárthaí troda, héileacaptair ionsaithe agus buamadóirí straitéiseacha arna n-imscaradh ag na Fórsaí Armtha na Rúise. Baintear úsáid dhíreach as trealamh míleata arna dhearadh ag Tactical Missile Corporation Akhtubinsk i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Go háirithe, is fochuideachta é Tactical Missile Corporation Akhtubinsk de actical Missile Corporation, fiontar stáit Rúiseach ar cuireadh faoi bhearta sriantacha an Aontais roimhe seo.<br>Dá bhrí sin, tá Tactical Missile Corporation Akhtubinsk ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá Tactical Missile Corporation Akhtubinsk ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 228. | Federal state enterprise 'Plant named after Ia. M. Sverdlov'<br>ar a dtugtar freisin Sverdlov Plant<br>(Федеральное казенное предприятие 'Завод имени Я.М.Свердлова') | Áit chlárúcháin: Russian Federation (606002, Nizhny Novgorod region, Dzerzhinsk city, Sverdlov avenue, 4)<br>Dáta clárúcháin: 11.12.1991<br>Uimhir chlárúcháin: 5249002485 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar Rúiseach míleata-tionsclaíoch é Federal state enterprise 'Plant named after Ia. M. Sverdlov' a mhonaraíonn pléascáin a úsáideann fórsaí armtha na Rúise le linn ionradh míleata neamhdhleathach gan údar na Rúise ar an Úcráin, ar cuireadh tús leis in 2022. Tá trí chonradh leanúnach ar a laghad ag an eintiteas le hAireacht Cosanta na Rúise ar fiú níos mó ná RUB 608,179,800 iad. Is den tábhacht é gurb é Federal state enterprise "Plant named after Ia. M. Sverdlov" an t-aon mhonaróir Rúiseach HMX (i.e. ochtaigin, pléascán cumhachtach níotraimín) agus RDX (i.e. heicsigin, comhdhúil orgánach a úsáidtear go forleathan mar phléascán). Dearbhaíodh go n-úsáideadh pléascáin Rúiseacha HMX- agus RDX-bhunaithe san Úcráin le linn chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hUcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Federal state enterprise 'Plant named after Ia. M. Sverdlov' ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Thairis sin, tá Federal state enterprise 'Plant named after Ia. M. Sverdlov' ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 229. | Factory ‘Copier’ JSC<br>(АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО “ЗАВОД ‘КОПИР’”) | Áit chlárúcháin: Russian Federation (425350, Republic of Mari El, city of Kozmodemyansk, str. Gagarina, 10)<br>Dáta clárúcháin: 12.7.1996<br>Uimhir chlárúcháin: 1217000287 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is fiontar Rúiseach míleata-tionsclaíoch é JSC ‘Copier’ a mhonaraíonn trealamh leictreach d’fhórsaí armtha na Rúise. Tá an t-eintiteas ar cheann de phíromhfhiontair mhíleata Chónaidhm na Rúise, agus forbraíonn sé nascóirí, feistí agus comhpháirteanna leictreacha le haghaidh trealamh leictreach le haghaidh thionscail eitlíochta, roicéad agus spáis na Rúise. Le linn agallaimh, dhearbhaigh stiúrthóir Copier JSC go bhforbraíonn Copier JSC 50 % dá tháirgí monarúcháin le haghaidh úsáid mhíleata. Go háirithe, is í Aireacht Tionscail agus Trádála Chónaidhm na Rúise an dara cliant is mó atá ag Copier JSC. Tá conradh amháin ar a laghad, ar fiú RUB 80 400 000 é, ag an eintiteas leis an Aireacht sin.<br>Dá bhrí sin, tá Factory ‘Copier’ JSC ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus tá tairbhe á fháil aige ón rialtas sin, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 230. | Vulkan LLC<br>ar a dtugtar freisin NTTS 'VULKAN' LLC<br>ar a dtugtar freisin Obshchestvo S Ogranichennoi Otvetstvennostiu "Nauchno-Tekhnicheskii Tsentr 'Vulkan'"<br>(Общество С Ограниченной Ответственностью "Научно-Технический Центр 'Вулкан'") | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (105318, Moscó, ul. Ibragimova, 31)<br>Dáta clárúcháin: 3.6.2010<br>Uimhir chlárúcháin: 7719751930 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag SSC ag NTTS 'VULKAN' LLC. Eisítear ceadúnas SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é NTTS 'VULKAN' LLC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag lárionad SSC um Cheadúnú, um Dheimhniú agus um Chosaint Rún Stáit. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 231. | OKENIT JSC<br>ar a dtugtar freisin AO 'OKENIT'<br><br>(AKTSIONERNOE OBSHCHESTVO 'OKENIT'<br>ar a dtugtar freisin АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО 'ОКЕНИТ') | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (193091, Saint Petersburg, nab. Oktiabrskaia, 6,litera v, pomeshch. 8-n)<br>Dáta clárúcháin: 25.8.2015<br>Uimhir chlárúcháin: 7811227439 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise, chomh maith le ceadúnas arna riaradh ag SSC, OKENIT JSC. Feidhmíonn an ceadúnas sin arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise le haghaidh 'forbairt, táirgeadh, tástáil, suiteáil, cothabháil, diúscairt agus díol arm agus trealaimh mhíleata'. Eisítear ceadúnas SSC – dá réir sin – do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br><br>Dá bhrí sin, is eintiteas é OKENIT JSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit, agus le ceadúnas 'airm agus trealamh míleata' arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. | 23.6.2023 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 232. | JOINT STOCK COMPANY "ECHELON UNION FOR SCIENCE AND DEVELOPMENT"<br>ar a dtugtar freisin.ECHELON JSC<br>ar a dtugtar freisin. JSC "NPO ECHELON"<br>(ЭШЕЛОН) | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (107023, Moscow, ul. Elektrozavodskaia, 24 str. 1.)<br>Dáta clárúcháin: 22.11.2007<br>Uimhir chlárúcháin: 7718676447 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag SSC ag Echelon JSC. Eisítear ceadúnas SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é Echelon JSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 233. | Iteranet LLC<br>ar a dtugtar freisin Obshchestvo s Ogranichennoi Otvetstvennostiu ‘Iteranet’;<br>(Общество С Ограниченной Ответственностью ‘Итеранет’) | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (119121, Moscow, per. Truzhenikov 1-i, 16 str.17)<br>Dáta clárúcháin: 27.4.1999<br>Uimhir chlárúcháin: 7704199755 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag SSC ag Iteranet LLC. Eisítear ceadúnas SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn ‘córais bainistithe bunachar sonraí’ do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é Iteranet LLC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 234. | Positive Group PJSC<br>ar a dtugtar freisin<br>Positive technologies;<br>ar a dtugtar freisin Gruppa Pozitiva (Группа Позитива) | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (107241, Moscow, sh. Shchelkovskoe, 23A, pomeshch. V kom. 33.)<br>Dáta clárúcháin: 27.9.2017<br>Uimhir chlárúcháin: 9718077239 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag SSC ag Positive Group PJSC. Eisítear ceadúnas SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é Positive Group PJSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit, Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 235. | Poisk-IT LLC<br>Obshchestvo S Ogranichennoi Otvetstvennostiu Nauchno-Tekhnicheskii Tsentr 'Poisk-IT'<br>ar a dtugtar freisin Limited Liability Company Scientific and Technical Center 'Poisk-IT' | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (27521, Moscow, ul. Oktiabrskaia, 72.)<br>Dáta clárúcháin: 29.5.2020<br>Uimhir chlárúcháin: 9715384055 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag SSC ag Poisk-IT LLC. Eisítear ceadúnas SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é Poisk-IT LLC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 236. | Vektor JSC<br>ar a dtugtar freisin AO "NII 'VEKTOR'";<br>ar a dtugtar freisin AKTSIONERNOE OBSHCHESTVO "NAUCHNO-ISSLEDOVATELSKII INSTITUT 'VEKTOR'";<br>(АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО "НАУЧНО-ИССЛЕДОВАТЕЛЬСКИЙ ИНСТИТУТ 'ВЕКТОР'"<br>ar a dtugtar freisin OAO НИИ Вектор) | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (197022, Saint Petersburg, ul. Akademika Pavlova, 14)<br>Dáta clárúcháin: 26.1.2011<br>Uimhir chlárúcháin: 7813491943 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá dhá cheadúnas arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise, chomh maith le ceadúnas arna riaradh ag SSC, ag Vektor JSC. Feidhmíonn an dá cheadúnas arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise le haghaidh 'forbairt, táirgeadh, tástáil, suiteáil, cothabháil, diúscairt agus díol arm agus trealaimh mhíleata'. Eisítear ceadúnas SSC – dá réir sin – do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é Vektor JSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit, agus le ceadúnas 'airm agus trealamh míleata' arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 237. | Akuta JSC<br>ar a dtugtar freisin Acuta<br>ar a dtugtar freisin Zakrytoe Aktsionernoe Obshchestvo 'Akuta';<br>(Закрытое Акционерное Общество 'Акута';<br>ar a dtugtar freisin 'Акута';) | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (197110, Saint Petersburg, ul. Pionerskaia, 44)<br>Dáta clárúcháin: 28.9.2008<br>Uimhir chlárúcháin: 7813426574 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas ag Akuta JSC arna riaradh ag an SSC 'chun obair a dhéanamh a bhaineann le faisnéis ar rún stáit í a úsáid'. Eisítear ceadúnas SSC do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus cripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn 'córais bainistithe bunachar sonraí' do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú). Ina theannta sin, tá ceadúnas ag Akuta arna riaradh ag an Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. Feidhmíonn an ceadúnas sin arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise le haghaidh 'forbairt, táirgeadh, tástáil, suiteáil, cothabháil, diúscairt agus díol arm agus trealaimh mhíleata'. Go háirithe, táirgeann Akuta JSC 'Aerárthaí Fomhuirí gan Foireann' d'fhórsaí armtha na Rúise, a imscartar le haghaidh misin faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta, cogaíocht frith-fhomhuireáin, oibríochtaí faisnéise, agus ionsaithe atá criticiúil ó thaobh ama de. Déanann an t-eintiteas cur síos air féin mar eintiteas a oibríonn in earnáil TF na Rúise, ag obair 'den chuid is mó faoi chuimsiú chreat ord cosanta stáit [na Rúise le] fiontair níos mó den choimpléasc míleata-tionsclaíoch Rúiseach'. Thairis sin, tá ceadúnas ag Akuta le haghaidh 'gníomhaíochtaí sa réimse cruthaithe uirlisí slándála faisnéise', ar ceadúnas é arna riaradh ag 8ú stiúrthóireacht GRU, is é sin gníomhaireacht faisnéise míleata eachtraí Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Dá bhrí sin, is eintiteas é Akuta JSC a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit, agus le ceadúnas 'airm agus trealamh míleata' arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 238. | ZAO MNITI<br>ZAKRYTOE AKTSIONERNOE OBSHCHESTVO ‘MNITI’<br>ar a dtugtar freisin Moscow Research Television Institute<br>(ЗАКРЫТОЕ АКЦИОНЕРНОЕ ОБЩЕСТВО ‘МНИТИ’;<br>ar a dtugtar freisin Московский научно-исследовательский телевизионный институт) | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (105094, Moscó, ul. Golianovskaia, 7A str. 1)<br>Dáta clárúcháin: 2.4.1992<br>Uimhir chlárúcháin: 7701024429 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Tá ceadúnas arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise, chomh maith le ceadúnas arna riaradh ag SSC, ag ZAO MNITI. Feidhmíonn an ceadúnas sin arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise le haghaidh ‘forbairt, táirgeadh, tástáil, suiteáil, cothabháil, diúscairt agus díol arm agus trealaimh mhíleata’. Eisítear ceadúnas SSC – dá réir sin – do chuideachtaí TF a fhorbraíonn teicneolaíocht chriptiúcháin agus chripteagrafach, córais faisnéise agus córais teileachumarsáide do sheirbhísí faisnéise na Rúise, chomh maith le cuideachtaí TF a fhorbraíonn ‘córais bainistithe bunachar sonraí’ do sheirbhísí slándála na Rúise (i.e. uirlisí atá deartha go sonrach chun méideanna móra sonraí a fhaightear trí, mar shampla, cnuaschóipeáil ó na meáin shóisialta nó cleachtais bailithe faisnéise eile a stóráil, a aisghabháil agus a bhainistiú).<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é ZAO MNITI a oibríonn in earnáil TF na Rúise le ceadúnas arna riaradh ag Lárionad SSC um Cheadúnú, Deimhniú agus Cosaint Rún Stáit, agus le ceadúnas ‘airm agus trealamh míleata’ arna riaradh ag Aireacht Tionscail agus Trádála na Rúise. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 239. | 20th Guards Combined Arms Army<br>(20-я гвардейская<br>Краснознаменная<br>общевойсковая армия<br>ar a dtugtar freisin. 20-я гвардейская общевойсковая армия") | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (606083, Réigiún Nizhny Novgorod, ceantar Volodarsky, Mulino)<br>Dáta clárúcháin: 14.12.2009<br>Uimhir chlárúcháin: 3666162144 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuid d'Fhórsaí Talún na Rúise é 20th Guards Combined Arms Army agus glacann sé páirt go díreach i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Seo a leanas an cur síos a rinne Aireacht Cosanta na Rúise ar 20th Guards Combined Arms Army, arb é Andrey Sergeevich Ivanaev a cheannasaí: 'an comhlachas is mó de Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, a ghlacann páirt sna himeachtaí is suntasaí i saol míleata na tíre'. Le linn ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin, chuir an 20th Guards Combined Arms Army go díreach le hionsaí na Rúise ó threo oirthuaisceart na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá 20th Guards Combined Arms Army ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 240. | 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade | Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise (305502, Réigiún Kursk, pos. Marshal Zhukov, aonad míleata 32406)<br>Dáta clárúcháin: 26.11.2009<br>Uimhir chlárúcháin: 4611010810 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise | Is briogáid diúracán dromchla go haer de chuid Fhórsaí Talún na Rúise é 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade, agus is cuid é de 20ú Gard-Arm Chónaidhm na Rúise. Ó mhí Mheán Fómhair 2010, tá misin chomhraic á ndéanamh ag 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade mar chuid de Dhúiche Mhíleata an Iarthair agus aithníodh é mar cheann de phríomhbhriogáidí aerchosanta fhórsaí talún na Rúise. Ó mhí Feabhra 2022, tá 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade ag rannchuidiú go gníomhach le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Imscaradh 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade chuig réigiún Kharkiv na hÚcráine le linn ionradh iomlán na Rúise, agus scaoil sé diúracáin frith-aerárthach ó thrádstóras in Izium agus an chathair Úcránach faoi fhorghabháil na Rúise. I mí Feabhra 2023, thug Uachtarán Chónaidhm na Rúise ainmniúchán oinigh nua do 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade i ngeall ar an 'laochas, crógacht, seasmhacht agus misneach mór a léirigh pearsanra na briogáide i ngníomhartha comhraic chun an Athartha a chosaint,' ar dócha go mbaineann sé le rannchuidiú na briogáide le hionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, tá 53rd Anti-Aircraft Missile Brigade ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 241. | SPS CJSC<br>ar a dtugtar freisin Non-Public Joint Stock Company 'Research and Production Center' Specialized Devices and Systems;<br>ar a dtugtar freisin Specialized Devices and Systems<br>(Непубличное Акционерное Общество "Научно-Производственный Центр<br>'Специализированные Приборы И Системы') | Áit chlárúcháin: Moscó, Cónaidhm na Rúise (125080, Moscó, sh. Volokolamskoe, 1 str. 1, et 5; pom VI; kom 30B<br>Dáta clárúcháin: 22.8.2014<br>Uimhir chlárúcháin: 7743937237 (Uimhir Aitheantais Cánach)<br>Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise, an Ísiltír<br>Faisnéis eile:<br>Sergei Iurevich Zubkov (bainisteoir ginearálta) | Is eintiteas é SPS CJSC atá lonnaithe sa Rúis agus a mhonaraíonn ríomhairí agus trealamh leictreonach eile. Tá SPS rannpháirteach go gníomhach sa teacht timpeall ar smachtbhannaí trína chomhpháirtíocht le heintiteas atá lonnaithe san Aontas, eadhon Woerd-Tech BV. Ó forchuireadh smachtbhannaí an Aontais lena gcuirtear toirmeasc ar leathsheoltóirí a onnmhairiú chuig an Rúis, tá amhras ann go ndearna Woerd-Tech BV, eintiteas atá lonnaithe san Ísiltír, leathsheoltóirí a smuigleáil go neamhdhleathach chuig Cónaidhm na Rúise. Ghabh údarás inniúil na hÍsiltíre úinéir Woerd-Tech BV ar amhras gur tháinig sé timpeall ar bhonn amhras maidir le teacht timpeall ar smachtbhannaí. D'fheidhmigh SPS CJSC mar phríomhéascaitheoir san oibríocht smuigleála neamhdhleathaí atá á reáchtáil ag Woerd-Tech BV, ag gníomhú dó mar fhaighteoir na leathsheoltóirí a onnmhairíodh go neamhdhleathach, ar faighteoir é atá lonnaithe sa Rúis.<br>Dá bhrí sin, is eintiteas é SPS CJSC a thagann timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais trí ghníomhaíochtaí darb aidhm nó dar toradh bac a chur ar thoirmisc Chinnidh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 242. | AO 'FTI-OPTRONIK'<br>(ООО ФТИ-ОПТРОНИК) | Seoladh: Politekhnicheskaya Ulitsa, 28, St Petersburg, Russia, 194021<br>Suíomh gréasáin: http://www.fti-optronic.com/Optoelektronnye-komponenty.html<br>Áit chlárúcháin: Saint Petersburg, Cónaidhm na Rúise<br>Dáta clárúcháin: 3.7.2013<br>Uimhir chlárúcháin: INN 7802830545<br>BIN 1137847251740<br>PPC 780101001<br>OKPO 27492853 | Is fiontar taighde agus táirgthe Rúise é AO 'FTI-OPTRONIK' le timthriall iomlán oibre ó fhorbairt go táirgeadh píolótach agus sraitheach táirgí optaileictreonacha. Faoi láthair, is é FTI-Optronic an t-aon fhiontar speisialaithe sa Rúis a tháirgeann comhpháirteanna optaileictreonacha le haghaidh córais tarchurtha faisnéise snáthoptaice, ionstraimí tomhais agus trealamh d'iarratais speisialta. Tacaíonn rialtas na Rúise le monaróirí teicneolaíochtaí optaileictreonacha mar táthar ag súil go dtiocfaidh táirgeadh intíre in ionad teicneolaíochtaí eachtracha atá ar iarraidh a theastaíonn ó na hearnálacha is tábhachtaí agus ón tionscal míleata. Thairis sin, soláthraíonn AO 'FTI-Optronik' seirbhísí, trí chonarthaí soláthair phoiblí, do JSC 'Concern Sozvezdie', cuideachta atá speisialaithe i dtáirgeadh córas rialaithe agus cumarsáide, cogaíochta leictreonaí agus trealaimh speisialta d'fhórsaí armtha na Rúise. Dá bhrí sin, tacaíonn AO 'FTI-OPTRONIK' go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.<br>Tacaíonn AO 'FTI-OPTRONIK' freisin le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 243. | Zala Aero Group | Seoladh: 426011, UR, Izhevsk, PO Box 9050<br>An cineál eintitis: Cuideachta faoi Dhliteanas Teoranta (LLC)<br>Áit chlárúcháin: An Rúis<br>Dáta clárúcháin: 24.12.2010<br>Uimhir chlárúcháin: 1841015504<br>Eintiteas chomhlachaithe: JCS Kalashnikov Concern | Is cuideachta Rúiseach é Zala Aero Group, atá mar chuid de Kalashnikov Group, a mhonaraíonn agus a sholáthraíonn UAVanna, go háirithe 'Lancet UAV' agus 'KYB-UAV', a d'úsáid arm na Rúise ina chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Zala Aero ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023** |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 244. | JSC NPP 'KLASS' | Seoladh: 111123, Moscow, Entuziastov Highway, 56, Building 21<br>An cineál eintitis: Joint Stock Company (JSC)<br>Áit chlárúcháin: An Rúis<br>Dáta clárúcháin: 29.6.1994<br>Uimhir chlárúcháin: 7724032017 (nó uimhir chlárúcháin an Stáit: 1027700450975) | Is cuideachta Rúiseach é JSC NPP Klass a mhonaraíonn agus a sholáthraíonn trealamh cosanta d'arm na Rúise agus ar bhonn níos leithne d'Fhórsaí Armtha agus slándála na Rúise. D'úsáid arm na Rúise an trealamh seo i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá JSC NPP Klass ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | **23.6.2023'.** |